# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 484

An t-eagrán Gaeilge

## Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 65

20 Nollaig 2022


Clár

I *Rúin, moltaí agus tuairimí*

MOLTAÍ

**An Chomhairle**


2022/C 484/01 Moladh ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige: spriocanna Barcelona do 2030 ..... 1


**An Banc Ceannais Eorpach**


2022/C 484/02 Moladh ón mBanc Ceannais Eorpach an 13 Nollaig 2022 do Chomhairle an Aontais Eorpaigh maider le hiniúchóirí seachtracha Oesterreichische Nationalbank (BCE/2022/44) ..... 13


II *Faisnéis*

FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**An Coimisiún Eorpach**


2022/C 484/03 Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi (Cás M.10913 – SADCO / HACP / JV) [1] ..... 14


IV *Fógraí*

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**An Chomhairle**


2022/C 484/04 Conclúidí maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 19/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: Vacsaíní COVID-19 a sholáthar san Aontas – Méid leordhóthanach dáileog faighte tar éis dúshláin tosaigh, ach níl meastóireacht leormhaith déanta ar fheidhmíocht an phróisis ..... 15


GA

(1) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

| | | |
|---|---|---|
| 2022/C 484/05 | Conclúidí maidir le vacsaíniú mar cheann de na huirlisí is éifeachtaí chun galair a chosc agus an tsláinte phoiblí a fheabhsú | 18 |
| | **An Coimisiún Eorpach** | |
| 2022/C 484/06 | Rátaí malairte an euro — 19 Nollaig 2022 | 24 |
| 2022/C 484/07 | Aghaidh náisiúnta nua bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht | 25 |
| 2022/C 484/08 | Aghaidh náisiúnta nua bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht | 26 |
| 2022/C 484/09 | Aghaidh náisiúnta nua bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht | 27 |
| 2022/C 484/10 | Aghaidh náisiúnta nua bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht | 28 |
| 2022/C 484/11 | Aghaidh náisiúnta nua bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht | 29 |
| 2022/C 484/12 | Aghaidh náisiúnta nua bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht | 30 |
| 2022/C 484/13 | Aghaidh náisiúnta nua bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht | 31 |
| 2022/C 484/14 | Aghaidh náisiúnta nua bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht | 32 |
| 2022/C 484/15 | Aghaidh náisiúnta nua bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht | 33 |
| 2022/C 484/16 | Aghaidh náisiúnta nua bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht | 34 |
| 2022/C 484/17 | Aghaidh náisiúnta nua bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht | 35 |
| 2022/C 484/18 | Aghaidh náisiúnta nua bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht | 36 |
| 2022/C 484/19 | Aghaidh náisiúnta nua bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht | 37 |
| 2022/C 484/20 | Aghaidh náisiúnta nua bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht | 38 |
| 2022/C 484/21 | Aghaidh náisiúnta nua bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht | 39 |
| 2022/C 484/22 | Aghaidh náisiúnta nua bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht | 40 |
| 2022/C 484/23 | Aghaidh náisiúnta nua bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht | 41 |
| 2022/C 484/24 | Aghaidh náisiúnta nua bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht | 42 |
| 2022/C 484/25 | Aghaidh náisiúnta nua bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht | 43 |
| 2022/C 484/26 | Aghaidh náisiúnta nua bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht | 44 |
| | FÓGRAÍ Ó BHALLSTÁIT | |
| 2022/C 484/27 | Faisnéis arna cur in iúl ag na Ballstáit maidir le hiamh iascaigh | 45 |

V *Fógairtí*

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

**An Coimisiún Eorpach**


2022/C 484/28 FÓGRA DE BHUN AIRTEAGAL 29(2) DE NA RIALACHÁIN FOIRNE — Foilsiú folúntais le haghaidh fheidhm an Leas-Ardstiúrthóra in Ard-Stiúrthóireacht na Faisnéisíochta (grád AD 15), an Bhruiséil — COM/2022/10422 ..... 46


NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

**An Coimisiún Eorpach**


2022/C 484/29 Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.10560 - SIKA / MBCC GROUP) ([1]) ..... 47


([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

I

*(Rúin, moltaí agus tuairimí)*

MOLTAÍ

# AN CHOMHAIRLE

## MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

**an 8 Nollaig 2022**

**maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige: spriocanna Barcelona do 2030**

(2022/C 484/01)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 i gcomhar le hAirteagal 153(1), pointe (i), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun deireadh a chur le dídhreasuithe do rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair, in 2002 bhunaigh an Chomhairle Eorpach in Barcelona na spriocanna maidir le cúram leanaí atá le baint amach faoi 2010: eadhon oideachas agus cúram na luath-óige ("ECEC") a chur ar fáil do 33 % ar a laghad de leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois agus do 90 % ar a laghad i gcás leanaí idir 3 bliana d'aois agus an aois éigeantach scoile ([1]). Cé go bhfuil na spriocanna sin bainte amach ar an meán san Aontas Eorpach, tá difríochtaí nach beag ann idir na Ballstáit agus laistigh díobh go fóill, go háirithe i gcás leanaí ó theaghlaigh ar ioncam íseal agus i gcás an ghrúpa is óige leanaí.

(2) Is é is cuspóir don Mholadh seo na Ballstáit a spreagadh chun cur leis an rannpháirtíocht in ECEC a bheadh inrochtana, inacmhainne agus ar ardcháilíocht, agus an t-éileamh ar sheirbhísí ECEC á chur san áireamh ag an am céanna agus i gcomhréir leis na patrúin náisiúnta soláthair, chun rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair a éascú agus forbairt shóisialta agus chognaíoch gach linbh a fheabhsú, go háirithe i gcás leanaí i staid leochaileach nó ó chúlra faoi mhíbhuntáiste.

(3) Cuireann freagrachtaí cúraim do leanaí, go háirithe do leanaí atá an-óg, srian suntasach ar rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair. In 2021, sa Suirbhé ar an bhFórsa Saothair, thug 27,9 % de mhná lasmuigh den lucht saothair le fios gurb é aire a thabhairt do leanaí nó do dhaoine fásta a bhfuil cúram de dhíth orthu an phríomhchúis nár lorg siad fostaíocht, i gcomparáid le 8,0 % d'fhir. In 2019, roimh an bpaindéim, ba iad 32,6 % agus 7,6 % na figiúirí sin faoi seach ([2]). An tráth céanna, maidir le ráta fostaíochta daoine ag a bhfuil leanaí faoi bhun 6 bliana d'aois, ba 90,1 % a bhí ann i gcás na bhfear, i gcomparáid le 67,2 % i gcás na mban. Mar gheall ar fhreagrachtaí cúraim neamhíoctha, ní bhíonn tuairim agus 7,7 milliún bean san Eoraip rannpháirteach sa mhargadh saothair, i gcomparáid le 450 000 fear. Ina theannta sin, tá cion díréireach na mban den obair chúraim ar cheann de na bunchúiseanna is mó leis an mbearna phá idir na hinscní ([3]).

([1]) Comhairle Eorpach Barcelona an 15 agus an 16 Márta 2002 (2002), SN 100/1/02 REV1.

([2]) Bunachar sonraí Eurostat, tábla LFSA_IGAR, "Cúram do dhaoine fásta faoi mhíchumas nó do leanaí agus cúiseanna teaghlaigh nó pearsanta eile", céatadán den daonra lasmuigh den lucht saothair atá ag iarraidh oibre, aoisghrúpa 15-64.

([3]) Tuarascáil ón Institiúid Eorpach um Chomhionannas (EIGE): "Gender inequalities in care and consequences on the labour market" [Éagothroime inscne sa chúram agus na hiarmhairtí ar an margadh saothair], 12953/20 ADD 1.

(4) Is mó seans freisin go gcuirfidh mná a bpatrúin oibre in oiriúint do fhreagrachtaí cúraim. Bíonn tionchar marthanach aige sin ar a ngairm agus cuireann sé leis an mbearna phá agus leis an mbearna phinsin idir na hinscní. Ar an meán, caitheann mná atá fostaithe 90 nóiméad níos mó ar obair tí agus ar ghníomhaíochtaí cúraim dhírigh ar bhonn laethúil ná mar a chaitheann fir atá fostaithe. Tá cás soiléir gnó ann le haghaidh a thabhairt ar na bearnaí idir na hinscní toisc go gcuirfeadh sé sin leis an bhfás agus gur dócha go mbeadh tionchair dhíreacha aige ar an táirgiúlacht freisin. De bhreis air sin, agus aghaidh á tabhairt ar na bearnaí idir na hinscní, is léir le fada go mbíonn tionchair dhíreacha ar laghdú na bochtaineachta agus ar an gcuimsiú sóisialta agus cuirtear bealach ar fáil chun freagairt ar fhadhb laghdú an lucht saothair.

(5) Bíonn tionchar suntasach dearfach ag infhaighteacht seirbhísí cúraim inacmhainne ardcháilíochta ar staid fostaíochta cúramóirí, mná go háirithe. Leis an méadú ar sholáthar ECEC ar fud an Aontais, laghdaíodh an bhearna fostaíochta idir na hinscní ó 17.7 pointe céatadáin in 2002 go 10.8 pointe céatadáin in 2021. Mar sin féin, is beag dul chun cinn atá déanta le blianta beaga anuas.

(6) Tugann Colún Eorpach na gCeart Sóisialta ("an Colún") chun suntais tábhacht an chomhionannais inscne, na cothromaíochta oibre is saoil agus ECEC mar phríomhchuspóirí de chuid an Aontais. Sonraítear sa Cholún nach mór cóir chomhionann agus deiseanna comhionanna idir mná agus fir a áirithiú agus a chothú i ngach réimse, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, téarmaí agus coinníollacha fostaíochta agus dul chun cinn sa ghairmréim. Aithnítear ann freisin ceart an linbh ar ECEC inacmhainne ar ardcháilíocht, ceart an linbh ar chosaint ar an mbochtaineacht, agus ceart leanaí ó chúlra faoi mhíbhuntáiste ar bhearta sonracha chun comhdheiseanna a fheabhsú.

(7) Moltar i bplean gníomhaíochta an Cholúin gur cheart 78 % ar a laghad den daonra idir 20 agus 64 bliana d'aois a bheith fostaithe faoi 2030. Chun an sprioc sin a bhaint amach, leagtar amach sa phlean gníomhaíochta an cuspóir go ndéanfar an bhearna fostaíochta idir na hinscní a laghdú faoina leath ar a laghad i gcomparáid le 2019, lena n-áirítear trí thuilleadh ECEC foirmiúil a sholáthar. Aithnítear sa phlean gníomhaíochta go dtacófaí le rannpháirtíocht níos láidre na mban sa mhargadh saothair agus le réiteach níos fearr idir saol na oibre, saol na teaghlaigh agus an saol príobháideach dá gcuirfí leis an soláthar ECEC foirmiúil.

(8) Tá éagsúlacht shuntasach ann i measc na mBallstát maidir leis an gcaoi a dtugann siad tacaíocht do thuismitheoirí. I roinnt Ballstát, is mó an bhéim a leagtar ar scéimeanna saoire tuismitheora le pá nó cúiteamh leordhóthanach a thairiscint don chéad 12 mhí ar a laghad de shaol an linbh, rud a fhágann go mbíonn rátaí an-ard glactha ann i dtaobh saoire tuismitheora. I mBallstáit eile, dírítear níos mó ar sheirbhísí ECEC a chur ar fáil do leanaí ó aois an-óg. Sa dara grúpa Ballstát acu, is iondúil go mbíonn leanaí rannpháirteach in ECEC cheana féin sa chéad bhliain den saol, agus ní théann méid na saoire tuismitheora le pá nó le cúiteamh a ghlactar thar an íosmhéid a cheanglaítear le dlí an Aontais. Is é is aidhm don sprioc nua do leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois a leagtar amach sa Mholadh seo cothromaíocht a bhaint amach idir na cuir chuige éagsúla sin. I bhfianaise na mbreithnithe sin, i gcás an ghrúpa leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois, is é ráta rannpháirtíochta 45 % an sprioc fhoriomlán ar cheart do gach Ballstát a dhícheall a dhéanamh ina leith.

(9) Mar sin féin, na Ballstáit atá faoi bhun na sprice 33 % a bhí ann roimhe seo, níltear ag súil go mbainfidh siad an sprioc a bhí ann roimhe seo ná an sprioc nua amach faoi 2030. Ina ionad sin, moltar dóibh a rátaí rannpháirtíochta a mhéadú le céatadán sonrach ar a laghad a bheadh i gcomhréir le staid bhonnlíne gach Ballstáit lena mbaineann agus lena phatrún maidir le glacadh saoire tuismitheora. Dá bharr sin, ba cheart do na Ballstáit sin a bheith in teannadh níos gaire don sprioc 45 % ar bhealach réadúil. Táthar ag súil go ndéanfaidh na Ballstáit atá níos faide ón sprioc iarracht níos mó chun an bhearna a dhruidim.

(10) I bhfianaise luaineacht shuntasach na rátaí rannpháirtíochta ECEC ó bhliain go chéile, agus ós rud é go léirítear fós i sonraí 2021 tionchar phaindéim COVID-19 i roinnt Ballstát, roghnaíodh an meánráta rannpháirtíochta ECEC le linn na 5 bliana roimh ghlacadh an Mholta seo (de réir shonraí EU-SILC) mar bhonnlíne chun an t-íosmhéadú ar rannpháirtíocht ECEC a chinneadh i gcás na mBallstát nár bhain an sprioc a bhí ann roimhe seo amach go fóill.

(11) Ar leibhéal an Aontais, tá aghaidh á tabhairt i roinnt moltaí agus treoracha i réimsí an chomhionannais inscne agus na ndálaí oibre, ar shaincheisteanna áirithe atá ábhartha maidir le spriocanna Barcelona. Le Treoir (AE) 2019/1158 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), mar shampla, cruthaítear creat le go nglacfadh an dá inscne saoire tuismitheora, socruithe solúbtha oibre agus saoire cúramóirí ar bhealach cothrom.

(12) Thug roinnt tionscnamh de chuid an Aontais chun suntais a thábhachtaí atá ECEC do leanaí. Cuireann an Moladh seo leis na tionscnaimh bheartais sin, eadhon Rún ón gComhairle maidir le creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus i ndiaidh (2021-2030) ([5]), lena n-áirítear sprioc ar leibhéal an Aontais gur cheart do 96 % ar a laghad de leanaí idir 3 bliana d'aois agus an aois ag a gcuirtear tús le hoideachas bunscoile éigeantach a bheith rannpháirteach in ECEC; leis an Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2019 maidir le Córais Oideachais agus Cúraim Luath-Óige ar Ardcháilíocht ([6]), lena gcuidítear leis na Ballstáit feabhas a chur ar sheirbhísí ECEC agus cuirtear i dtábhacht nach mór do na seirbhísí sin a bheith cuimsitheach, inrochtana, inacmhainne agus ar ardcháilíocht; leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún Cuireann maidir le “Straitéis an Aontais um Chearta an Linbh” ([7]), lena n-áirítear sraith príomhghníomhaíochtaí atá le déanamh ag an gCoimisiún chun cearta an linbh a chur chun cinn agus a chosaint ar bhealach níos fearr agus aithnítear go dtéann ECEC chun tairbhe d'fhorbairt chognaíoch agus shóisialta leanaí; agus maidir leis an Moladh ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí ([8]), arb é is aidhm dó a áirithiú go mbeidh rochtain shaor agus éifeachtach ar phríomhsheirbhísí, lena n-áirítear ECEC, ag leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó a n-eisiata shóisialta, i ngach réigiún, lena n-áirítear i gceantair thuaithe agus iargúlta.

(13) Agus iad ag infheistiú i seirbhísí ECEC, ba cheart do na Ballstáit gnéithe éagsúla a chur san áireamh de bhreis ar infhaighteacht áiteanna amháin, amhail méid ama na rannpháirtíochta, sciar na leanaí atá rannpháirteach in ECEC agus atá i mbaol bochtaineachta nó eisiata shóisialta chomh maith le hinrochtaineacht, inacmhainneacht agus cáilíocht na seirbhísí cúraim a chuirtear ar fáil. Dá bhrí sin, leagtar amach sa Mholadh seo bearta chun dul i ngleic leis na gnéithe sin.

(14) Chun rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a éascú le haghaidh príomhchúramóirí, ar mná iad den chuid is mó, ba cheart líon uaireanta ECEC a fhreastalaítear a bheith leordhóthanach chun gur féidir le tuismitheoirí tabhairt go fóinteach faoi obair ar íocaíocht. Ba cheart rannpháirtíocht a spreagadh, agus leas an linbh á chur san áireamh, agus rogha tuismitheoirí atá comhionann ó thaobh inscne de a cheadú maidir le cothromaíocht oibre is saoil agus úsáid seirbhísí ECEC ag an am céanna. I gcás nach bhfreastalaíonn leanaí ar ECEC go lánaimseartha go fóill, ba cheart don bheirt tuismitheoirí leas a bhaint as na cearta maidir le saoire tuismitheora agus socruithe solúbtha oibre dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2019/1158, cosúil le hobair pháirtaimseartha, am solúbtha oibre agus teilea-obair, chun a áirithiú go ndéantar freagrachtaí cúraim a chomhroinnt go cothrom, agus ba cheart an rannpháirtíocht a mhéadú de réir a chéile i gcomhréir le haois an linbh. I bhfianaise a thábhachtaí atá an ghné sin, tá sé tábhachtach faireachán a dhéanamh ar mhéid ama rannpháirtíocht an linbh in ECEC mar aon le rannpháirtíocht in ECEC i gcoitinne.

(15) Thairis sin, tá tuilleadh bacainní ar mhná a bhfuil leibhéal íseal scileanna gairmiúla acu, ar mhná ar imircigh iad, ar mhná ó theaghlaigh ar ioncam íseal a bhfuil leanaí acu agus ar mhná ar tuismitheoirí aonair iad chun oiliúint agus post a fháil agus tá tuilleadh dídhreasuithe ann dóibh le dul i mbun fostaíochta den chéad uair nó an athuair de dheasca srianta airgeadais agus srianta eile ar rannpháirtíocht a leanaí in ECEC. Dá spreagfaí rannpháirtíocht níos airde leanaí i staid leochaileach nó ó chúlra faoi mhíbhuntáiste in ECEC cuimsitheach, bheadh tionchar dearfach aige sin ar an seans go bhfillfeadh a máithreacha ar an obair. Chuideodh sé freisin le mná teacht ar réiteach níos fearr idir saol na hoibre, saol an teaghlaigh agus an saol príobháideach.

(16) Bíonn bacainní agus dúshláin ar leith le sárú ag tuismitheoirí faoi mhíchumas agus ag tuismitheoirí a bhfuil leanaí faoi mhíchumas acu maidir le rochtain ar an margadh saothair. Trí rannpháirtíocht leanaí faoi mhíchumas i bpríomhshruth ECEC a éascú, i gcás inarb iomchuí, agus cineál agus leibhéal an mhíchumais, measúnú saineolaithe agus leas an linbh á gcur san áireamh, is féidir cuidiú lena dtuismitheoirí teacht ar réiteach níos fearr idir saol na hoibre, saol an teaghlaigh agus an saol príobháideach.

([4]) Treoir (AE) 2019/1158 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/18/AE ón gComhairle (IO L 188, 12.7.2019, lch. 79).

([5]) IO C 66, 26.2.2021, lch. 1.

([6]) Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2019 maidir le Córais Oideachais agus Cúraim Luath-Óige ar Ardcháilíocht (IO C 189, 5.6.2019, lch. 4).

([7]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún i dtaca le straitéis an Aontais um Chearta an Linbh, COM(2021) 142 final, 24 Márta 2021, lch. 1.

([8]) Moladh (AE) 2021/1004 ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí (IO L 223, 22.6.2021, lch. 14).

(17) Déanann rannpháirtíocht in ECEC tairbhe do leanaí ar go leor bealaí. Léirítear le fianaise go bhfuil ról ríthábhachtach ag soláthar ECEC ar ardcháilíocht i bhfeabhas a chur ar fhorbairt chognaíoch, shóisialta agus oideachais leanaí ó aois óg. De réir an Mholta ón gComhairle maidir le Córais Oideachais agus Cúraim Luath-Óige ar Ardcháilíocht, is féidir le rannpháirtíocht ECEC a bheith ina huirlis éifeachtach chun cothromas oideachais a bhaint amach do leanaí i staid faoi mhíbhuntáiste, amhail leanaí atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, leanaí i dteaghlaigh atá i mbaol bochtaineachta nó eisiata shóisialta, lena n-áirítear teaghlaigh aontuismitheora, leanaí ar de chúlra imirceach iad, leanaí ar dídeanaithe iad, leanaí Romacha agus leanaí ó ghrúpaí mionlaigh eile, leanaí atá ina gcónaí i gceantair thuaithe agus iargúlta ina bhfuil bonneagar cúraim neamh-leordhóthanach agus leanaí faoi chúram malartach.

(18) Cuireann an Moladh ón gComhairle lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí agus an Moladh ón gComhairle maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach ([9]) i dtábhacht go bhfuil rochtain chomhionann ar ECEC cuimsitheach ar ardcháilíocht ríthábhachtach chun stop a chur le tarchur an eisiata shóisialta agus deiseanna comhionanna a áirithiú do leanaí i staid faoi mhíbhuntáiste. Faoin Ráthaíocht Eorpach do Leanaí, moltar do na Ballstáit pleananna náisiúnta a chur isteach, pleananna lena gcuirtear an Moladh chun feidhme laistigh de 9 mí óna ghlacadh. Mar sin féin, tá rátaí rannpháirtíochta na leanaí i staid faoi mhíbhuntáiste i bhfad níos ísle i gcónaí, go háirithe i measc na leanaí is óige, rud a bhféadfadh a bheith de thoradh air níos déanaí torthaí oideachais níos measa agus rátaí arda luathfhágála na scoile, go háirithe i measc leanaí Romacha nó leanaí ar de chúlra imirceach iad, maille le leanaí a bhfuil cúram tuismitheora de dhíth orthu. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach an bhearna idir rannpháirtíocht na leanaí sin in ECEC agus rannpháirtíocht dhaonra foriomlán na leanaí in ECEC a dhúnadh. Ní mór aird a thabhairt freisin ar an mbearna rannpháirtíochta a laghdú idir na cúigilí is airde ioncaim agus na cúigilí is ísle ioncaim. Tá rannpháirtíocht in ECEC ábhartha freisin do leanaí atá ar a dteitheadh ón gcogadh san Úcráin, chomh maith le leanaí eile atá ag lorg cosanta nó atá faoi chosaint san Aontas. Ba cheart rochtain chomhionann ar sheirbhísí príomhshrutha cuimsitheacha ECEC neamhscartha a áirithiú do na leanaí sin ar fad a d'fhéadfadh a bheith ina leanaí leochaileacha amach anseo.

(19) Ar an gcaoi chéanna, tá sé de cheart ag leanaí faoi mhíchumas a bheith rannpháirteach in ECEC príomhshrutha ar bhonn cothrom le leanaí eile. Is iad a dtuismitheoirí amháin a thugann cúram do leath de na leanaí faoi mhíchumas. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach a áirithiú go bhfuil ECEC inrochtana, cuimsitheach agus comhcheangailte le bearta spriocdhírithe a chuidíonn le haghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha, lena n-áirítear trí bhearta a thugann aghaidh ar bhacainní agus leithscaradh, na hinniúlachtaí is gá a thabhairt d'fhoirne nó sainfhoirne a fhostú chun freastal ar riachtanais an linbh aonair agus ar churaclaim phearsantaithe i gcás inar gá.

(20) Ní mór aird ar leith a thabhairt ar an mbearna a dhúnadh maidir le rannpháirtíocht leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiata shóisialta agus leanaí faoi mhíchumas nó leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i gcórais ECEC ina bhfuil freagracht ar leithligh ar na córais riaracháin náisiúnta ghnóthaí sóisialta, sláinte agus oideachais as codanna éagsúla de ECEC.

(21) Tá ECEC ar ardcháilíocht fíor-riachtanach chun a áirithiú go dtairbhíonn leanaí de rannpháirtíocht in ECEC. Cé nach bhfuil bealach aonair amháin ann chun coincheap na cáilíochta i suíomhanna ECEC a shainmhíniú agus a thomhas, baineann sé go bunúsach le cáilíocht na hidirghníomhaíochta idir na daoine fásta agus na leanaí, gan beann ar an gcóras ECEC atá i bhfeidhm. Ba cheart do na Ballstáit soláthar ECEC ar ardcháilíocht a áirithiú, ag cur san áireamh gnéithe éagsúla a leagtar amach sa Mholadh maidir le Córais Ardcháilíochta Oideachais agus Cúraim Luath-Óige, lena n-áirítear rochtain ar sheirbhísí ECEC, cáilíochtaí agus dálaí oibre foirne, an curaclam oideolaíoch, faireachán agus meastóireacht, agus rialachas agus maoiniú seirbhísí ECEC. Baineann tábhacht ar leith le gnéithe cosúil leis an gcóimheas foirne le leanaí, cáilíochtaí agus oiliúint ghairmiúil leanúnach foirne.

(22) Chun go mbunófaí muinín idir tuismitheoirí agus na hinstitiúidí a sholáthraíonn oideachas agus cúram is toisc thábhachtach í cáilíocht an tsoláthair ECEC freisin, agus dá bhrí sin is toisc thábhachtach í chun rannpháirtíocht mhéadaithe in ECEC a éascú.

(23) Is gné thábhachtach eile de sholáthar ECEC í an inrochtaineacht. Áirítear léi bonneagar leordhóthanach agus acmhainní spáis agus uaireanta oscailte iomchuí, chomh maith le hoiriúnú do riachtanais speisialta tuismitheoirí agus cúnamh chun nósanna imeachta casta riaracháin a shárú. Ba cheart tacaíocht chun déileáil le nósanna imeachta riaracháin a sholáthar i bhfoirmeacha éagsúla, lena n-áirítear tacaíocht teanga agus tacaíocht dhigiteach, go háirithe do ghrúpaí i staid leochaileach nó grúpaí ó chúlra faoi mhíbhuntáiste, ar grúpaí iad, cuir i gcás, nach bhfuil in ann uirlisí digiteacha a úsáid nó nach bhfuil rochtain acu orthu. Áirítear léi freisin inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear leanaí, tuismitheoirí agus gairmithe, i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas agus leis na ceanglais inrochtaineachta a leagtar amach i dTreoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]).

([9]) Moladh ón gComhairle an 12 Márta 2021 maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach (IO C 93, 19.3.2021, lch. 1).

([10]) Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70).

(24) Thairis sin, áirítear leis an inrochtaineacht simpliú nósanna imeachta agus gairmiúlú foirne agus speisialtóirí chun tacú go leormhaith le leanaí faoi mhíchumas nó le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus grúpaí leochaileacha eile i saoráidí príomhshrutha nach bhfuil neamh-leithscartha. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéantar bacainní ar úsáid seirbhísí ECEC a bhaint agus a chosc, lena n-áirítear le haghaidh daoine faoi mhíchumas, agus go bhfuil seirbhísí ECEC fíorchuimsitheach.

(25) Agus aghaidh á tabhairt ar an inrochtaineacht, ba cheart míchothromaíochtaí críochacha a chur san áireamh. Is féidir le ham fada comaitéireachta a bhaineann le hachar, easpa nasc iompair nó naisc iompair atá teoranta, agus brú tráchta a bheith ina mbac ar rannpháirtíocht, go háirithe maidir le leanaí faoi mhíchumas nó le riachtanais speisialta oideachais. Tá ceantair thuaithe agus iargúlta faoi mhíbhuntáiste ar leith de dheasca easpa seirbhísí áitiúla leordhóthanacha ECEC. Bíonn an baol an go ndéanfadh na míchothromaíochtaí críochacha sin fadhbanna inacmhainneachta a ghéarú. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, próifílí éagsúla úsáideoirí seirbhísí ECEC a chur san áireamh i bpleananna soghluaisteachta, agus cumhdach críochach sa bhailiú sonraí a áireamh chun críocha meastóireachta agus faireacháin.

(26) I roinnt Ballstát, is mór an bhacainn fós ar an rannpháirtíocht é an t-ardchostas ar ECEC. Léirítear le sonraí Eurostat go bhfuil ról nach beag ag gné an chostais sa chinneadh gan seirbhísí cúraim leanaí foirmiúla a úsáid i roinnt tíortha, go háirithe i gcás teaghlaigh atá i mbaol bochtaineachta. De réir staidreamh an Aontais ar ioncam agus dálaí maireachtála le haghaidh 2016, ní úsáideann 13 % de thuismitheoirí cúram leanaí mar gheall ar a chostas agus tá deacrachtaí measartha nó an-deacrachtaí ag 11 % de thuismitheoirí íoc as. Tagann méadú níos mó ná a dhá oiread ar na céatadáin sin, go 28 % agus 27 % faoi seach, i gcás teaghlaigh atá i mbaol bochtaineachta. Léirítear le taighde eolaíoch na buntáistí substaintiúla eacnamaíocha, sóisialta, oideachais agus forbarthacha a bhaineann le ECEC ar ardcháilíocht. Téann ECEC inacmhainne chun tairbhe riachtanais uas-scilithe agus athscilithe na mban agus éascaíonn sé a gcuid rannpháirtíochta i margadh an tsaothair; bíonn tionchar dearfach fadtéarmach aige sin ar oideachas ó aois óg, rud a réitíonn an bealach do dhearcadh dearfach i leith na foghlama le linn an tsaoil, ní hamháin i gcás na leanaí lena mbaineann ach sa tsochaí i gcoitinne freisin. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil na costais a bhaineann le ECEC comhréireach le hioncam an teaghlaigh agus nach bacainn iad ar ghlacadh ECEC. Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit a chur san áireamh freisin costais eile a bhaineann le rannpháirtíocht in ECEC mar shampla, iompar, éadaí agus trealamh a mbíonn gá leis i gcás cúraim.

(27) Bealach amháin chun soláthar leormhaith ECEC inrochtana inacmhainne ar ardcháilíocht a áirithiú is ea ceart dlíthiúil ar ECEC a bhunú, ceart faoina ndéanann na húdaráis phoiblí áit a ghealladh do gach leanbh a n-iarrann a thuismitheoirí é, gan beann ar a stádas fostaíochta, socheacnamaíoch ná teaghlaigh. I bhformhór na mBallstát, tá an teidlíocht dhlíthiúil sin ann cheana féin ach tá éagsúlacht mhór san aois ag a dtosaíonn an teidlíocht. Más féidir ar chor ar bith, níor cheart bearna a bheith ann idir deireadh saoire mháithreachais, atharthachta agus tuismitheora atá íoctha nó cúitithe agus an teidlíocht dhlíthiúil ar ECEC.

(28) Má chuirtear le hinfhaighteacht ECEC inrochtana, inacmhainne ar ardcháilíocht do theaghlaigh agus má chuirtear feabhas ar dhálaí oibre agus tuarastail san earnáil ECEC, meastar go dtagann buntáistí eacnamaíocha as sin. An tráth céanna, féadfar inbhuanaitheacht fhioscach na hinfheistíochta in ECEC a bharrfheabhsú trí mheastóireacht a dhéanamh ar an tionchar ar airgeadas poiblí agus trí fhaireachán tráthrialta a dhéanamh ar an gcostéifeachtúlacht agus trína feabhsú go leanúnach, trí chur le dea-chleachtais, lena n-áirítear dearadh éifeachtúil sásraí cistiúcháin atá comhleanúnach le hinbhuanaitheacht fhoriomlán an airgeadais phoiblí.

(29) Tá rochtain éasca chomhionann ar fhaisnéis leordhóthanach ar líne agus as líne maidir le ECEC gan aon idirdhealú ríthábhachtach do gach tuismitheoir beag beann ar chomhdhéanamh agus stádas an teaghlaigh, lena n-áirítear páirtnéireachtaí sibhialta, a mhéid a aithnítear faoin dlí náisiúnta iad. Baineann sé sin le faisnéis maidir leis an teidlíocht ar sheirbhísí oiriúnacha agus a n-infhaighteacht, le modhanna rochtana agus le hincháilitheacht le haghaidh tacaíocht airgeadais, i gcás inarb infheidhme.

(30) Is bacainn bhreise ar úsáid seirbhísí í an easpa feasachta ar chearta tuismitheoirí agus leanaí a mhéid a bhaineann le ECEC agus ar a ábharthacht le haghaidh na gnóthachtála oideachais amach anseo, bacainn eile a imríonn tionchar ar rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair. Má dhéantar tuismitheoirí a chur ar an eolas i gceart agus go críochnúil, ba cheart go mbeidís in ann cinntí dea-bhunaithe eolasacha a dhéanamh i ndáil le roghanna cúraim.

(31) I roinnt mhaith tíortha, tá ganntanais foirne ann in earnáil ECEC. Is féidir aghaidh a thabhairt air sin le straitéisí iomadúla, mar shampla feabhas a chur ar dhálaí oibre, ionchais ghairme agus luach saothair, deiseanna uas-scilithe agus athscilithe tráthrialta a chur ar fáil, straitéisí earcaíochta cruthaitheacha a fhorbairt, agus a iarraidh ar ghrúpaí éagsúla atá faoi ghannionadaíocht bheith mar chuid de lucht saothair ECEC, mar shampla fir agus daoine ó chúlraí cultúrtha éagsúla, imircigh agus dídeanaithe cuir i gcás. D'fhéadfadh sásra aitheanta cáilíochtaí atá simplí agus gasta cuidiú le haghaidh a thabhairt ar ghanntanais. Mar shampla, tugann Moladh (AE) 2022/554 ón gCoimisiún ([11]) aghaidh ar an rochtain atá acu siúd atá ar a dteitheadh ón gcogadh san Úcráin ar ghairmeacha rialaithe.

(32) Má chuirtear dálaí oibre cothroma chun cinn do bhaill foirne in ECEC, ba cheart go rannchuideodh sé le hoibrithe nua a mhealladh agus, an tráth céanna, ba cheart go dtacódh sé lena áirithiú go mbeidh siad siúd atá ag obair san earnáil sin toilteanach agus ábalta fanacht ina bpost go dtí go rachaidh siad ar scor. Ar an gcaoi chéanna, féadfaidh sé rannchuidiú le dul i ngleic le leithscaradh inscne in earnáil ECEC. Sa chomhthéacs sin, le treoirlínte beartais na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le cur chun cinn oibre cuibhiúla do phearsanra oideachais luath-óige ([12]), tugtar treoraíocht maidir leis an gcaoi a bhféadfaí na moltaí a chur chun feidhme a bhaineann le forbairt ghairmiúil agus ghairme, luach saothair iomchuí, lena n-áirítear pá comhionann, agus fostaíocht inbhuanaithe agus dálaí oibre, chomh maith le idirphlé shóisialta san earnáil sin a chur chun cinn.

(33) Ní thagann deireadh le cúram na leanaí nuair a théann siad go dtí an bhunscoil. D'fhéadfadh na riachtanais chúraim a bhíonn ar leanaí in aois bhunscoile teorainn a chur le rannpháirtíocht agus am oibre máithreacha sa mhargadh saothair más rud é nach bhfuil réitigh leordhóthanacha, ardcháilíochta agus inacmhainne ann maidir le cúram iarscoile agus cúram saoire, i gcomhthéacs na gcóras náisiúnta scoile. Mura bhfuil deiseanna cúraim ar fáil do leanaí níos sine, is cuma ECEC a bheith ar fáil do shiblíní níos óige mar ní chuirfidh sé sin ar a gcumas do na tuismitheoirí a bheith páirteach sa mhargadh saothair, rud a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar ghlacadh ECEC i gcás na siblíní níos óige dá réir sin. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit cúram lasmuigh den scoil atá leordhóthanach, ar ardcháilíocht agus inacmhainne a chur ar fáil. Moltar go n-áireofaí ar na bearta a dhéanfaidh na Ballstáit, i gcás inarb ábhartha, seirbhís tacaíochta agus maoirseachta i ndáil le hobair bhaile do gach leanbh a thairiscint, leanaí ó chúlra faoi mhíbhuntáiste san áireamh.

(34) Is dúshlán mór fós don iomad tuismitheoirí í an chothromaíocht oibre is saoil, go háirithe do mhná. Is constaic mhór í an deacracht a bhaineann le cothromaíocht a aimsiú idir obair agus freagrachtaí cúraim, constaic a chuireann le gannionadaíocht na mban sa mhargadh saothair. Sa chomhthéacs sin, is minic a bhíonn tionchar ag steiréitíopaí inscne ar róil na mban agus na bhfear i dtaca le cúram. An éagothroime idir an cúram a thugann mná agus a thugann fir, déanann sí sin na steiréitíopaí inscne maidir le gairmeacha agus róil na mban agus na bhfear a atreisiú.

(35) Ba cheart dul i ngleic leis an mbearna chúraim sheasmhach sin idir na hinscní, go háirithe trí aithreacha a spreagadh le saoire atharthachta agus saoire tuismitheora, agus socruithe solúbtha ama oibre a ghlacadh, in éineacht, i gcás inarb ábhartha, le comhroinnt níos cothroime de na freagrachtaí cúraim a bhíonn ag lánúineacha maidir le hobair ar íocaíocht agus obair gan íocaíocht ([13]). Le cur chun feidhme Threoir (AE) 2019/1158 ba cheart feabhas a chur ar chearta oibrithe atá freagrach as cúram chun saoire atharthachta agus saoire tuismitheora a ghlacadh agus chun socruithe solúbtha ama oibre a iarraidh. Le haon ghníomhaíocht bhreise, ba cheart díriú ar fheasacht a ardú ar na cearta nua sin agus féachaint an bhfuil oibrithe in ann úsáid iomlán a bhaint as na cearta sin gan cóireáil neamhfhabhrach a fhulaingt ag an obair.

(36) Chomh maith le bearta eile chun réiteach a dhéanamh idir saol na hoibre, saol an teaghlaigh agus an saol príobháideach, ba cheart réitigh sholúbtha a chur chun cinn maidir le ECEC a úsáid, de réir mar is gá. Mar shampla, d'fhéadfadh oibrithe a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu tairbhe a bhaint as rochtain ar sheirbhísí comhlántacha cúraim leanaí amhail oscailt luath, soláthar béilí agus dúnadh déanach.

(37) Chun tuiscint níos fearr a fháil ar riachtanais chúraim agus ar shrianta cúraim, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh sonraí leordhóthanacha ar fáil a bhfuil leibhéal leordhóthanach gráinneachta, iontaofachta agus inchomparáideachta ag baint leo. Ós rud é nach bhfuil forálacha sonracha i dTreoir (AE) 2019/1158 maidir le bailiú sonraí, ba cheart glacadh saoire atharthachta agus saoire tuismitheora a áireamh sna sonraí sin, agus an lámhleabhar modheolaíochta do chreat tháscaire na cothromaíochta oibre is saoil á chur san áireamh a d'fhorbair an Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta chun tacú le faireachán agus meastóireacht chuí ar an Treoir sin.

([11]) Moladh (AE) 2022/554 ón gCoimisiún an 5 Aibreán 2022 maidir le haithint cáilíochtaí na ndaoine atá ar a dteitheadh ó ionradh na Rúise ar an Úcráin (IO L 107 I, 6.4.2022, lch. 1).

([12]) An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, "Meeting of Experts on Policy Guidelines on the promotion of decent work for early childhood education personnel" [Cruinniú Saineolaithe faoi Threoirlínte Beartais maidir le hobair chuibhiúil a chur chun cinn do phearsanra oideachais luath-óige], ar fáil faoi: https://www.ilo.org/sector/Resources/codes-of-practice-and-guidelines/WCMS_236528/lang–en/index.htm

([13]) Féach na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní a Ghleic: Obair Ar Íocaíocht agus Obair Chúraim Gan Íocaíocht a Luacháil agus a Dháileadh, 13584/20.

(38) Ba cheart faireachán tráthrialta a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis an Moladh seo a chur chun feidhme i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, na tuarascála bliantúla maidir le comhionannas inscne san Aontas agus i gcomhthéacs na dTairsí um Fhaireachán ar an Straitéis Eorpach um Inscne. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit tacú go háirithe leis an gCoimisiún táscaire a fhorbairt agus a ríomh chun an bhearna chúraim idir na hinscní a thomhas, arb é sin an difríocht idir an t-am a chaitheann mná ar chúram agus an t-am a chaitheann fir ar chúram, an bhearna phá idir na hinscní, agus úsáid ama in obair ar íocaíocht agus in obair gan íocaíocht, chun tuiscint níos fearr a fháil ar na hidirspleáchais idir na gnéithe sin d'fhonn tacú le forbairt beartas comhionannais inscne agus beartas sóisialta atá bunaithe ar fhianaise. Ba cheart do na Ballstáit leanúint freisin dá gcuid iarrachtaí athchóirithe a cheapadh agus a chur chun feidhme in earnáil ECEC agus an leas is fearr á bhaint as tacaíocht an Choimisiúin, lena n-áirítear tríd an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, trí mhalartú dea-chleachtas agus úsáid próiseas agus modheolaíochtaí iomchuí, agus trí bhailiú sonraí, rannpháirtíocht páirtithe leasmhara agus trí chomhar idirinstitiúideach agus pleanáil acmhainní daonna, leithdháileadh agus forbairt ghairmiúil atá níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla in earnáil ECEC.

(39) Ba cheart an fhoclaíocht "oideachas agus cúram na luath-óige" a thuiscint mar a shainmhínítear é sa Mholadh ón gComhairle maidir le ECEC ardcháilíochta, is é sin mar thagairt d'aon socrú rialáilte lena gcuirtear oideachas agus cúram ar fáil do leanaí ón mbreith go dtí aois na bunscolaíochta éigeantaí — beag beann ar an suíomh, ar an gcistiú, ar na huaireanta oscailte nó ar ábhar an chláir — agus áirítear air sin cúram lae in ionad agus cúram lae teaghlaigh, soláthar a chistítear go príobháideach agus go poiblí, chomh maith le soláthar seirbhísí réamhscoile agus réamh-bhunscoile.

(40) Chun measúnú a dhéanamh ar thionchar an Mholta seo, ba cheart don Choimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn agus tuairisciú a dhéanamh air go tráthrialta chuig an gComhairle,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

## CUSPÓIR AGUS RAON FEIDHME

1. Is é is aidhm don Mholadh seo na Ballstáit a spreagadh, agus a gcúinsí náisiúnta á gcur san áireamh, le rannpháirtíocht in oideachas agus cúram na luath-óige inrochtana, inacmhainne (ECEC) agus ar ardcháilíocht a mhéadú chun rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair a éascú agus a spreagadh agus chun feabhas a chur ar fhorbairt shóisialta agus chognaíoch leanaí agus ar an gcaoi a n-éiríonn leo san oideachas, go háirithe do leanaí i staid leochaileach nó ó chúlra faoi mhíbhuntáiste.

2. Baineann an Moladh seo le ECEC do gach leanbh.

## SPRIOCANNA D'OIDEACHAS AGUS CÚRAM NA LUATH-ÓIGE

3. (a) Moltar go gcuirfidh na Ballstáit seirbhísí ECEC ar ardcháilíocht ar fáil i gcomhréir le hinniúlachtaí náisiúnta, le leibhéil glactha saoire tuismitheora agus le patrúin na forála ECEC, lena n-áiritheofar go nglacfaidh 45 % ar a laghad de leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois páirt in ECEC de réir shonraí EU-SILC faoi 2030.

   D'ainneoin na chéad fhomhíre, moltar do na Ballstáit nach bhfuil an sprioc a leagadh síos in 2002 de ráta rannpháirtíochta 33 % in ECEC bainte amach acu don aoisghrúpa sin méadú céatadán sonrach ar a laghad a dhéanamh, faoi 2030, ar an ráta rannpháirtíochta i gcomparáid lena ráta rannpháirtíochta reatha mar a leagtar amach i bpointí (i) agus (ii) den phointe seo. Déanfar an ráta rannpháirtíochta reatha a ríomh mar mheánráta rannpháirtíochta leanaí faoi bhun trí bliana d'aois in ECEC sna blianta 2017-2021 de réir shonraí EU-SILC. Moltar do na Ballstáit rannpháirtíocht ECEC a mhéadú i ndáil lena rátaí rannpháirtíochta reatha faoi seach

   (i) 90 % ar a laghad i gcás Ballstáit ina bhfuil a ráta rannpháirtíochta níos ísle ná 20 %; nó

   (ii) 45 % ar a laghad, nó go dtí go bhfuil ráta rannpháirtíochta 45 % acu, i gcás Ballstáit a bhfuil a ráta rannpháirtíochta idir 20 % agus 33 %.

(b) Moltar do na Ballstáit seirbhísí ECEC ar ardcháilíocht a chur ar fáil do leanaí ó thrí bliana d'aois ionas go mbainfear amach, faoi 2030, an sprioc a comhaontaíodh sa Rún ón gComhairle maidir le creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus thairis sin (2021-2030) ([14]), inar cheart go mbeadh ar a laghad 96 % de leanaí idir trí bliana d'aois agus an aois tosaigh don bhunoideachas éigeantach rannpháirteach in ECEC.

TÁSCAIRE MAIDIR LE DÉINE NA RANNPHÁIRTÍOCHTA

4. Moltar go dtacóidh Ballstáit le leibhéal infhaighteachta seirbhísí ECEC atá comhoiriúnach le folláine agus forbairt an linbh agus lena gcuirtear ar chumas tuismitheoirí, go háirithe máithreacha, a bheith rannpháirteach i gceart sa mhargadh saothair, agus rogha tuismitheoirí atá comhionann ó thaobh inscne de a éascú in úsáid seirbhísí ECEC.

5. Moltar go ndéanfaidh na Ballstáit bearta chun seirbhísí ECEC a chur ar fáil ar bhealach ina mbeidh leanaí in ann páirt a ghlacadh 25 uair an chloig ar a laghad in aghaidh na seachtaine.

6. Moltar go ndéanfaidh na Ballstáit infhaigheacht seirbhísí nó seirbhísí comhlántacha roimh ghnáthuaireanta oibre sheirbhísí ECEC agus ina ndiaidh, a chur chun cinn, de réir mar is iomchuí, chun foráil a dhéanamh d'am taistil agus chun go mbeidh cúram leanaí comhoiriúnach go hiomlán le folláine an linbh agus le huaireanta oibre na dtuismitheoirí agus leis an ngá réiteach a dhéanamh idir an obair, saol an teaghlaigh agus an saol príobháideach.

LEANAÍ Ó CHÚLRA FAOI MHÍBHUNTÁISTE, LEANAÍ FAOI MHÍCHUMAS, LEANAÍ A bhFUIL RIACHTANAIS SHONRACHA NÓ RIACHTANAIS SPEISIALTA OIDEACHAIS ACU A ÁIREAMH

7. Moltar go ndéanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) bearta spriocdhírithe a bheith i bhfeidhm acu chun rannpháirtíocht leanaí ó chúlra faoi mhíbhuntáiste in ECEC a chumasú agus a mhéadú, lena n-áirítear leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiata shóisialta nó a bhfuil cúlra imirceach acu, agus leanaí a bhfuil eolas neamh-leordhóthanach acu ar theanga na scolaíochta, chomh maith le leanaí faoi mhíchumas, nó leanaí a bhfuil riachtanais shonracha nó riachtanais speisialta oideachais acu;

(b) na bearta is gá a dhéanamh chun an mbearna rannpháirtíochta in ECEC idir leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó a n-eisiata shóisialta agus daonra foriomlán na leanaí a dhúnadh;

(c) féachaint le rannpháirtíocht leanaí faoi mhíchumas, leanaí a bhfuil riachtanais shonracha nó riachtanais speisialta oideachais acu a mhéadú in ECEC príomhshrutha, nuair is iomchuí; agus

(d) tacú le cláir oiliúna d'fhoireann ECEC atá ceaptha chun tacú leo ECEC ar ardcháilíocht a chur ar fáil do leanaí ó chúlra faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó a n-eisiata shóisialta, chomh maith le leanaí faoi mhíchumas, nó leanaí a bhfuil riachtanais shonracha nó riachtanais speisialta oideachais acu.

CÁILÍOCHT

8. Moltar go n-áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) go bhfuil seirbhísí ECEC do gach leanbh ar ardcháilíocht, chun cur le forbairt fholláin fhisiceach, shóisialta, mhothúchánach, chognaíoch agus oideachasúil an linbh agus le dea-bhail an linbh, agus chun muinín tuismitheoirí as na seirbhísí a mhéadú; agus

(b) na Creataí Cáilíochta náisiúnta nó réigiúnacha a spreagtar na Ballstáit lena bhforbairt i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle maidir le Córais Oideachais agus Cúraim Luath-Óige ar Ardcháilíocht, go n-áirítear ar na creataí sin soláthar seirbhísí do leanaí ón dá aoisghrúpa a chumhdaítear leis an Moladh seo; ba cheart foráil a dhéanamh sna Creataí Cáilíochta náisiúnta go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

— cóimheasa leordhóthanacha idir an fhoireann agus leanaí agus grúpmhéideanna leordhóthanacha, agus aois leanaí agus aon mhíchumas nó aon riachtanas speisialta oideachais a d'fhéadfadh a bheith acu á gcur san áireamh, go háirithe i gcórais roinnte ECEC, ionas go seachnófar bearnaí sa chúram;

([14]) IO C 66, 26.2. 2021, lch. 1.

— tacú le gairmiúlú na mball foirne uile in ECEC, lena n-áirítear tríd an leibhéal oideachais tosaigh a cheanglaítear orthu a mhéadú agus forbairt ghairmiúil leanúnach a áirithiú, lena n-áirítear eolas ar chearta an linbh, trí dheiseanna oiliúna leordhóthanacha ar feadh an tsaoil; agus

— timpeallacht shábháilte, chothaitheach agus chomhbhách, curaclam ardcháilíochta agus deiseanna foghlama atá oiriúnach do riachtanais shonracha gach catagóire leanaí agus gach aoisghrúpa, agus spás sóisialta, cultúrtha agus fisiciúil a chuireann réimse féidearthachtaí ar fáil a ligeann do leanaí a n-acmhainneacht a fhorbairt.

## DÁILEADH CRÍOCHACH

9. Moltar go dtabharfaidh na Ballstáit aghaidh ar na dúshláin atá ann do leanaí agus dá dteaghlaigh rochtain a fháil ar shaoráid oideachais oiriúnach agus ar chúraim oiriúnach trí chumhdach críochach leordhóthanach de sholáthar ECEC a chur ar fáil. Chuige sin, moltar do na Ballstáit, an méid seo a leanas go háirithe a dhéanamh:

(a) soláthar leordhóthanach ECEC a eagrú ar fud limistéir uirbeacha agus thuaithe, comharsanachtaí agus réigiúin shaibhre agus réigiúin faoi mhíbhuntáiste agus réigiúin forimeallacha, agus struchtúir náisiúnta á gcur san áireamh mar aon le gnéithe sonracha na limistéar, lena n-áirítear dlús dhaonra na leanaí agus dáileadh leanaí de réir aoise, ar bhealach atá ag teacht go hiomlán le prionsabail an dí-scartha agus an neamh-idirdhealaithe agus i ndlúthchomhar leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha; agus

(b) a chur san áireamh, de réir mar is iomchuí, an gá atá le hamanna réasúnta comaitéireachta, lena n-áirítear do thuismitheoirí a úsáideann soghluaisteacht ghníomhach agus iompar poiblí, agus ECEC á eagrú nó beartas á fhorbairt maidir le lonnú na seirbhísí ECEC.

## INACMHAINNEACHT

10. I gcás leanaí seachas na leanaí sin a chumhdaítear leis an Moladh ón gComhairle lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí, ar cheart oideachas saor agus rochtain inacmhainne éifeachtach a bheith acu ar sheirbhísí ardcháilíochta ECEC mar a shainmhínítear sa Mholadh sin, moltar go n-áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil glanchostas ECEC réasúnta comhréireach le costais eile teaghlaigh agus le hioncam indiúscartha, agus aird ar leith á tabhairt ar theaghlaigh ar ioncam íseal, teaghlaigh aontuismitheora ar ioncam íseal san áireamh. Go háirithe, spreagtar na Ballstáit leis an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) teorainn a chur le costais na dtuismitheoirí; agus

(b) i gcás inarb infheidhme, táillí ar scála aistritheach atá comhréireach le hioncam teaghlaigh nó táillí uasta a thabhairt isteach le haghaidh ECEC.

## INROCHTAINEACHT

11. Moltar do na Ballstáit leanúint de bhacainní ar rochtain chomhionann ar ECEC a bhaint do gach leanbh ar bhealach neamh-idirdhealaitheach. Sa chomhthéacs sin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an méid seo a leanas:

(a) réitigh a chur ar fáil do thuismitheoirí ag a bhfuil uaireanta oibre neamhthipiciúla chun go mbeidís in ann cothromaíocht a aimsiú idir a gcuid oibre, a dteaghlaigh agus a saol príobháideach, agus dea-bhail an linbh á áirithiú;

(b) aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha tuismitheoirí aonair, ar mná iad a bhformhór;

(c) rochtain ar ECEC a fheabhsú beag beann ar stádas na dtuismitheoirí sa mhargadh saothair ar bhealach atá comhleanúnach le dreasachtaí a thabhairt chun dul i mbun oibre;

(d) inrochtaineacht foirgneamh, bonneagair, seirbhísí tacaíochta pobail agus iompair a áirithiú chomh maith le hábhar foghlama agus uirlisí digiteacha do thuismitheoirí agus do leanaí faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu;

(e) tacaíocht éifeachtach oideachais agus cúraim agus faisnéis agus cumarsáid iomchuí a chur ar fáil do leanaí agus do thuismitheoirí faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu chomh maith leo siúd atá i staid leochaileach, agus aghaidh a thabhairt ar bhacainní teanga agus cultúrtha, lena n-áirítear bacainní a bhíonn ar leanaí a bhfuil cúlra imirceach acu, ionas go mbeidh leanaí rannpháirteach in ECEC a chuirtear ar fáil i saoráidí príomhshrutha atá cuimsitheach agus neamhscartha;

(f) tacaíocht agus faisnéis shoiléir a chur ar fáil go réamhghníomhach maidir leis na tairbhí a bhaineann le freastal ar ECEC agus maidir leis na deiseanna atá ann cheana, rialacha incháilitheachta, agus nósanna imeachta riaracháin maidir le rochtain ar sheirbhísí ECEC do gach tuismitheoir ar bhonn neamh-idirdhealaitheach, beag beann ar chomhdhéanamh agus stádas an teaghlaigh; agus

(g) tacaíocht riaracháin a chur ar fáil maidir le clárú, agus aird ar leith á tabhairt ar thuismitheoirí atá i staid leochaileach nó ó chúlra faoi mhíbhuntáiste.

12. Moltar go ndéanfaidh na Ballstáit machnamh ar theidlíocht dhlíthiúil ar ECEC a thabhairt isteach. Agus an aois ag a gcuirtear tús leis an teidlíocht dhlíthiúil sin á cinneadh, moltar go gcuirfidh na Ballstáit infhaighteacht agus fad saoire mháithreachais, atharthachta nó tuismitheora le pá nó cúiteamh leordhóthanach san áireamh, agus go ndéanfaidh siad iarracht bearnaí idir deireadh na saoire sin agus tús ECEC a sheachaint.

## SEIRBHÍSÍ COMHLÁNTACHA AGUS CÚRAM LASMUIGH DEN SCOIL

13. Sa bhreis ar sheirbhísí ECEC a chur ar fáil, moltar go n-áiritheoidh na Ballstáit cur chuige cuimsitheach maidir le cúram do leanaí, agus riachtanais chúraim i gcás leanaí d'aoiseanna éagsúla á gcur san áireamh, lena n-áirítear aois na bunscoile, trí chúram lasmuigh den scoil atá inacmhainne, inrochtana agus ar ardcháilíocht a éascú do gach leanbh sa bhunscoil (cumhdach iarscoile agus cumhdach saoire), lena n-áirítear leanaí faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, agus eagrú náisiúnta na scoile agus laethanta saoire á gcur san áireamh. Moltar go n-áireoidh na Ballstáit sna seirbhísí sin, i gcás inarb ábhartha, tacaíocht d'obair bhaile do gach leanbh, lena n-áirítear go háirithe leanaí ó chúlra faoi mhíbhuntáiste nó i staid leochaileach.

## FEASACHT AR CHEARTA

14. Moltar go gcuirfidh na Ballstáit chun cinn feasacht na dtuismitheoirí faoina gcearta, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, an teidlíocht ar áit in ECEC, agus é á chur san áireamh go bhféadfadh traidisiúin agus cúlraí éagsúla tionchar a imirt ar an eolas agus an dearcadh a bheadh ag duine maidir le córas ECEC agus ar an muinín a bheadh ag duine as.

15. Moltar do na Ballstáit tuismitheoirí a chur ar an eolas go réamhghníomhach faoi na féidearthachtaí, na tairbhí agus na costais a bhaineann le ECEC a úsáid agus, i gcás inarb infheidhme, faoin tacaíocht airgeadais atá ar fáil. Ba cheart an méid seo a leanas a chur san áireamh:

(a) riachtanais na dtuismitheoirí ó thaobh faisnéis maidir le ECEC, agus a n-éagsúlacht ó thaobh scileanna, cumas agus cúlraí socheacnamaíocha de á cur san áireamh, mar aon le haon mhíchumas; agus

(b) faisnéis a chur ar fáil go héasca ar líne agus as líne, agus riachtanais éagsúla teanga agus infhaighteacht uirlisí digiteacha á gcur san áireamh.

16. Moltar go gcuirfidh na Ballstáit nósanna imeachta gearáin atá éifeachtach, neamhchlaonta agus inrochtana i bhfeidhm chun saincheisteanna nó teagmhais a thuairisciú do na húdaráis inniúla.

## DÁLAÍ OIBRE AGUS SCILEANNA FOIRNE

17. Moltar go dtacóidh na Ballstáit le fostaíocht ardcháilíochta agus dálaí oibre cothroma d'fhoireann ECEC, go háirithe trí idirphlé sóisialta agus cómhargáil a chur chun cinn agus trí thacú le pá tarraingteach, socruithe oibre leordhóthanacha, ardchaighdeáin sláinte agus sábháilteachta ceirde, agus comhionannas agus neamh-idirdhealú san earnáil a fhorbairt, agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta á urramú ag an am céanna.

18. Moltar go dtabharfaidh na Ballstáit aghaidh ar riachtanais scileanna agus ar ghanntanais oibrithe in ECEC, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) feabhas a chur ar oideachas agus oiliúint tosaigh agus leanúnach chun na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá a thabhairt d'oibrithe ECEC atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo;

(b) conairí gairme a fhorbairt in earnáil ECEC, lena n-áirítear trí sheirbhísí uas-scilithe, athscilithe agus faisnéise agus treorach;

(c) stádas gairmiúil tarraingteach agus ionchais ghairme a thairiscint d'oibrithe ECEC;

(d) bearta a chur chun feidhme chun dul i ngleic le steiréitíopaí inscne agus leithscaradh inscne, agus chun an ghairm a dhéanamh níos tarraingtí; agus

(e) líonraí gairmiúla a fhorbairt do dhaoine atá fostaithe in earnáil ECEC, i gcás inarb iomchuí.

AG DUL I nGLEIC LEIS AN mBEARNA CHÚRAIM IDIR NA hINSCNÍ

19. Moltar go spreagfaidh na Ballstáit na tuismitheoirí leis an gcúram do leanaí a chomhroinnt eatarthu ar bhonn cothrom tríd an méid seo a leanas:

(a) dul i ngleic le steiréitíopaí inscne agus rannpháirtíocht an dá thuismitheora sna freagrachtaí cúraim ar bhonn cothrom a spreagadh, lena n-áirítear trí fheachtais chumarsáide; agus

(b) infhaighteacht agus socruithe oibre atá fabhrach do theaghlaigh a chur chun cinn, agus tacaíocht a thabhairt dóibh, agus freisin go nglacfadh an dá inscne leis na socruithe sin, agus go nglacfadh an dá thuismitheoir, fir go háirithe, an tsaoire tuismitheora i rith a saoil.

RIALACHAS AGUS BAILIÚ SONRAÍ

20. Moltar go n-áiritheoidh na Ballstáit rialachas beartais a bheadh fónta, éifeachtach in ECEC, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) comhar láidir a áirithiú idir institiúidí éagsúla ceaptha beartas agus seirbhísí ECEC, agus tacú le comhar le hinstitiúidí agus seirbhísí eile ceaptha beartas atá i gceannas ar fhorbairt agus oideachas luath-óige; agus

(b) cistiú iomchuí inbhuanaithe a shlógadh agus leas costéifeachtach a bhaint as le haghaidh ECEC, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as cistí agus ionstraimí de chuid an Aontais, agus trí bheartais a shaothrú atá fabhrach do chistiú inbhuanaithe seirbhísí ECEC atá comhleanúnach le hinbhuanaitheacht fhoriomlán an airgeadais phoiblí.

21. Moltar, i gcás inarb ábhartha, go bhforbróidh nó go bhfeabhsóidh na Ballstáit bailiú sonraí maidir leis an méid seo a leanas:

(a) rannpháirtíocht leanaí in ECEC, ar bhonn rialta agus le samplaí sách mór i gcás ina n-úsáidtear suirbhéanna, imdhealaithe de réir aoise agus, i gcás inar féidir, de réir gnéis, lena n-áirítear maidir le leanaí i staideanna leochaileacha nó ó chúlra faoi mhíbhuntáiste;

(b) na difríochtaí in úsáid ama san obair, idir obair ar íocaíocht agus obair gan íocaíocht, idir mná agus fir a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu, más féidir trí úsáid a bhaint as suirbhéanna úsáide ama ar bhonn an chaighdeáin a leagtar síos sna Suirbhéanna Comhchuibhithe ar Úsáid Ama san Eoraip;

(c) glacadh saoire tuismitheora imdhealaithe de réir gnéis, ó shonraí riaracháin ar bhealach atá comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais, agus leas á bhaint as creat tháscaire na cothromaíochta oibre is saoil a d'fhorbair foghrúpa comhpháirteach EMCO agus SPC;

(d) dálaí oibre na foirne in ECEC, lena gcumhdaítear go háirithe na gnéithe dá dtagraítear i Moltaí 17 agus 18; agus

(e) ganntanais ECEC, inrochtaineacht, inacmhainneacht agus cáilíocht ECEC ar bhonn rialta, agus maidir le dáileadh críochach ECEC, go háirithe chun measúnú a dhéanamh ar éagothromaíochtaí críochacha, lena n-áirítear i gceantair iargúlta agus thuaithe.

22. Moltar go gcuirfidh na Ballstáit dlús lena n-iarrachtaí chun a áirithiú go mbeidh sonraí inchomparáide ar leibhéal an Aontais agus go mbeidh leibhéal leordhóthanach gráinneachta acu.

CUR CHUN FEIDHME, FAIREACHÁN AGUS MEASTÓIREACHT

23. Moltar go gcuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas maidir leis an tacar beart a rinneadh nó atá pleanáilte chun an Moladh seo a chur chun feidhme laistigh de 18 mí tar éis a ghlactha, ag tógáil, i gcás inarb ábhartha, ar straitéisí nó pleananna náisiúnta atá ann cheana. I gcás inarb iomchuí, is féidir tagairt a dhéanamh do thuarascálacha arna dtíolacadh faoi shásraí tuairiscithe atá ann cheana, amhail an Modh Oscailte Comhordúcháin, an Seimeastar Eorpach agus sásraí clársceidealaithe agus tuairiscithe ábhartha eile de chuid an Aontais.

CUIREANN SÍ FÁILTE, LEIS SEO, ROIMH RÚN AN CHOIMISIÚIN:

24. (a) feabhas a chur ar sholáthar rialta sonraí, i gcomhar leis na Ballstáit, trí na nithe seo a leanas a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin Eurostat agus ar an Tairseach um Fhaireachán ar an Straitéis Eorpach maidir le hInscne:

(i) miondealú breise a dhéanamh de réir aoise agus, i gcás inarb iomchuí, de réir cúigil ioncaim theaghlaigh, leanaí atá rannpháirteach in ECEC, chomh maith le méid ama na rannpháirtíochta agus an ráta rannpháirtíochta i gcás leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta;

(ii) eatraimh mhuiníne do phríomhtháscaire EU-SILC "Leanaí i gcúram leanaí foirmiúil nó san oideachas foirmiúil" agus táscairí ábhartha eile i dteannta na rátaí rannpháirtíochta chun inchomparáideacht a áirithiú idir blianta agus tíortha; agus

(iii) faisnéis mhíniúcháin níos cuimsithí maidir leis na sonraí a bhailítear, go háirithe maidir le cláir ECEC a chumhdaítear le sainmhíniú na dtáscairí;

(b) cistiú an Aontais a shlógadh chun tacú le hathchóirithe agus infheistíochtaí náisiúnta in ECEC;

(c) féachaint an bhféadfaí táscairí breise a fhorbairt i gcomhar le EMCO agus SPC agus i ndlúthchomhar leis an gCoiste Oideachais agus leis an mBuanghrúpa maidir le Táscairí agus Tagarmharcanna, agus féachaint le malartú dea-chleachtais agus foghlama frithpháirtí a éascú i measc na mBallstát, chomh maith le gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta teicniúla, agus leanúint de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit agus iarrachtaí á ndéanamh acu athchóirithe a cheapadh agus a chur chun feidhme i réimse ECEC, go háirithe tríd an gCreat um Chomhar Straitéiseach san oideachas agus san oiliúint agus an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil;

(d) gníomhaireachtaí an Aontais, cosúil leis an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne agus Eurofound, a spreagadh le sonraí a bhailiú go tráthrialta, táscairí a fhorbairt agus anailísí a dhéanamh ar an mbearna chúraim idir na hinscní, ar an mbearna phá idir na hinscní, agus ar úsáid ama in obair ar íocaíocht agus obair gan íocaíocht, ar ghníomhaíochtaí aonair agus sóisialta na mban agus na bhfear a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu agus ar shocruithe oibre le linn a saoil oibre;

(e) faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Mholta seo i gcomhthéacs na tuarascála bliantúla maidir le comhionannas inscne san Aontas, agus socruithe an tSeimeastair Eorpaigh atá ann cheana, le tacaíocht ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta, agus – do leanaí os cionn 3 bliana d'aois – an Tuarascáil Faireacháin ar Oideachas agus Oiliúint.

25. Tuairisciú don Chomhairle laistigh de 5 bliana maidir leis an dul chun cinn a rinneadh i ndáil leis an Moladh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8 Nollaig 2022.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
M. JUREČKA

# AN BANC CEANNAIS EORPACH

## MOLADH ÓN MBANC CEANNAIS EORPACH

**an 13 Nollaig 2022**

**do Chomhairle an Aontais Eorpaigh maider le hiniúchóirí seachtracha Oesterreichische Nationalbank**

**(BCE/2022/44)**

(2022/C 484/02)

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagal 27.1 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Déanann iniúchóirí seachtracha neamhspleácha atá molta ag Comhairle Rialaithe Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE) agus arna bhformheas ag Comhairle an Aontais Eorpaigh iniúchadh ar chuntais an BCE agus ar chuntais bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

(2) Foráiltear le hAirteagal 37(1) d'Acht Cónaidhme na hOstaire maidir le Oesterreichische Nationalbank go dtoghann Cruinniú Ginearálta Oesterreichische Nationalbank iniúchóir seachtrach amháin agus iniúchóir seachtrach malartach amháin ar feadh tréimhse ilbhliantúil cúig bliana, ar a mhéad. Ní thabharfar sainordú don iniúchóir seachtrach malartach ach amháin i gcás nach mbeidh an t-iniúchóir seachtrach in ann an t-iniúchadh a dhéanamh.

(3) Tiocfaidh deireadh le sainordú iniúchóir seachtrach reatha Oesterreichische Nationalbank, Ernst & Young Wirtschaftsprüfungsgesellschaft m.b.H., agus le sainordú iniúchóir seachtrach malartach reatha, Deloitte Audit Wirtschaftsprüfungs GmbH, tar éis an iniúchta don bhliain airgeadais 2022. Dá bhrí sin, is gá iniúchóirí seachtracha a cheapadh ón mbliain airgeadais 2023.

(4) Tá BDO Austria GmbH Wirtschaftsprüfungs- und Steuerberatungsgesellschaft roghnaithe ag Oesterreichische Nationalbank mar iniúchóir seachtrach do na blianta airgeadais 2023 go dtí 2027. Roghnóidh Oesterreichische Nationalbank a iniúchóir seachtrach malartach ag tráth níos déanaí,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

Moltar go gceapfaí BDO Austria GmbH Wirtschaftsprüfungs- und Steuerberatungsgesellschaft mar iniúchóirí seachtracha ar Oesterreichische Nationalbank do na blianta airgeadais 2023 go dtí 2027.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, 13 Nollaig 2022.

*Uachtarán BCE*

Christine LAGARDE

II

*(Faisnéis)*

# FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# AN COIMISIÚN EORPACH

## Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi

## (Cás M.10913 – SADCO / HACP / JV)

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 484/03)

An 9 Nollaig 2022, chinn an Coimisiún gan cur i gcoinne an chomhchruinnithe thuas ar tugadh fógra faoi agus a dhearbhú go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an cinneadh sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]). Is i mBéarla amháin atá an cinneadh ar fáil agus déanfar é a phoibliú ach a mbeidh aon rún gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bainte as. Beidh sé ar fáil:

— i roinn na gcumasc ar an suíomh gréasáin faoin "mBeartas iomaíochta" atá ag an gCoimisiún (http://ec.europa.eu/competition/mergers/cases/). Cuireann an suíomh gréasáin sin saoráidí éagsúla ar fáil chun cuidiú cinntí aonair cumaisc a aimsiú trí úsáid ainm na cuideachta, cásuimhreacha, dátaí agus earnálacha gníomhaíochta,

— i bhfoirm leictreonach ar shuíomh gréasáin EUR-Lex (http://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=en) faoin uimhir dhoiciméid 32022M10913. Is é EUR-Lex an tairseach ar líne chuig dlí an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

IV

*(Fógraí)*

# FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# AN CHOMHAIRLE

## Conclúidí maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 19/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: Vacsaíní COVID-19 a sholáthar san Aontas – Méid leordhóthanach dáileog faighte tar éis dúshláin tosaigh, ach níl meastóireacht leormhaith déanta ar fheidhmíocht an phróisis

(2022/C 484/04)

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

(1) IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 19/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (dá ngairtear "an Chúirt" anseo feasta) mar aon le freagraí an Choimisiúin ar an Tuarascáil;

(2) TUGANN SÍ DÁ hAIRE go ndearnadh measúnú in iniúchadh na Cúirte ar cé acu ar sholáthair nó nár sholáthair an Coimisiún agus na Ballstáit vacsaínithe in aghaidh COVID-19 go héifeachtúil, suas go dtí deireadh 2021; sa chomhthéacs sin, rinne an Chúirt athbhreithniú ar an méid seo a leanas:

— an raibh ullmhúcháin an Aontais do sholáthar vacsaíní in aghaidh COVID-19 éifeachtach;
— an raibh caibidleoirí an Aontais in ann cuspóirí soláthair an Aontais a dheimhniú sna conarthaí a shínigh sé le monaróirí vacsaíne;
— ar thug an Coimisiún aghaidh ar aon fhadhbanna a raibh tionchar acu ar sholáthar vacsaíní.

(3) MEABHRAÍTEAR DI gurb iad cuspóirí Straitéis an Aontais um vacsaíní in aghaidh COVID-19, a d'fhoilsigh an Coimisiún, cáilíocht, sábháilteacht agus éifeachtúlacht vacsaíní a áirithiú, rochtain thráthúil ar vacsaíní a áirithiú do na Ballstáit agus dá ndaonra agus an iarracht dlúthpháirtíochta dhomhanda á stiúradh ag an am céanna agus rochtain chothrom ar vacsaín inacmhainne a áirithiú do chách san Aontas a luaithe is féidir.

(4) ADMHAÍONN SÍ gur éacht suntasach é Straitéis an Aontais um vacsaíní COVID-19 agus cuireann sí chun suntais an breisluach a bhaineann le comhar an Aontais trína áirithiú go raibh 80 % de dhaonra fásta an Aontais vacsaínithe go hiomlán faoi dheireadh 2021.

(5) MEABHRAÍTEAR DI gur fhormheas na Ballstáit agus an Coimisiún an comhaontú lenar údaraíodh don Choimisiún comhaontuithe a thabhairt i gcrích le monaróirí vacsaíní chun vacsaíní COVID-19 a fháil thar ceann na mBallstát ([1]).

(6) TUGANN SÍ DÁ hAIRE, de réir na Tuarascála Speisialta, go raibh Straitéis an Aontais um vacsaíní COVID-19 dírithe ar dhá chomhlacht ach go háirithe; an Bord Stiúrtha, atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an gcaibidlíocht agus as conarthaí a bhailíochtú sula sínítear iad agus an Fhoireann chomhpháirteach idirbheartaíochta, a bhí i gceannas ar chaibidlíocht na gconarthaí.

(7) TUGANN SÍ DÁ hAIRE, de réir na Tuarascála Speisialta, go ndearna Uachtarán an Choimisiúin réamhchaibidlíocht maidir le conradh le Pfizer/BioNTech i mí an Mhárta 2021, arbh é an t-aon chonradh é nach raibh baint ag an bhfoireann chomhpháirteach idirbheartaíochta leis sa chéim chaibidlíochta seo, rud atá contrártha leis an gcinneadh ón gCoimisiún maidir le vacsaíní COVID-19 a sholáthar. An 9 Aibreán 2021, chuir an Coimisiún na coinníollacha a idirbheartaíodh idir Uachtarán an Choimisiúin agus Pfizer/BioNTech i láthair don bhord stiúrtha, agus chomhaontaigh an bord stiúrtha glao ar thairiscintí a sheoladh. Is é an conradh vacsaíne COVID-19 is mó, agus beidh áit mhór aige i bpunann vacsaíní an Aontais go dtí deireadh 2023.

([1]) Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh C(2020) 4192 final ón gCoimisiún an 18 Meitheamh 2020

(8) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint den chomhar leis na Ballstáit chun spriocanna Straitéis an Aontais um Vacsaíní a bhaint amach, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar na heasnaimh, go háirithe i dtéarmaí trédhearcachta, rialachais agus riachtanais na mBallstát.

(9) TUGANN SÍ DÁ hAIRE príomhthorthaí na Tuarascála, go háirithe an méid seo a leanas:

— Chuir an Coimisiún a straitéis vacsaíne le chéile i dtréimhsí luatha na paindéime, tráth nach raibh aon vacsaíní in aghaidh COVID-19 ar fáil ar an margadh;

— D'éirigh leis an Aontas vacsaíní COVID-19 a sholáthar trí phunann éagsúlaithe a áirithiú chun an riosca go dteipfeadh ar fhorbairt vacsaíní a leathadh trí chonarthaí a shíniú le roinnt monaróirí éagsúla;

— Bhí ullmhúcháin an Aontais chun vacsaíní COVID-19 a sholáthar éifeachtach, den chuid is mó, ach chuir an tAontas tús leis an bpróiseas soláthair níos déanaí ná an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe;

— Tháinig forbairt ar théarmaí na gconarthaí le himeacht ama agus is fearr a bhí caibidleoirí an Aontais in ann cuspóirí soláthair an Aontais a dheimhniú sna conarthaí a shínigh sé níos déanaí le monaróirí vacsaíne;

— Is mian leis an gCoimisiún agus le 10 gcinn de na 14 Bhallstát a d'fhreagair suirbhé na Cúirte go mbeadh córas dliteanais níos caighdeánaí ann nuair a bheidh an t-údarú margaíochta caighdeánach deonaithe;

— Mhol an Coimisiún go n-úsáidfí an córas soláthair le haghaidh géarchéimeanna sláinte amach anseo gan meastóireacht a dhéanamh roimh ré ar a fheidhmíocht ná scrúdú a dhéanamh ar chórais soláthair tríú tíortha roimh ré;

— Chomh maith leis sin, ní dhearna an Coimisiún anailís iomlán ar na dúshláin a bhaineann le táirgeadh vacsaíní nó le slabhra soláthair táirgthe vacsaíní go dtí tar éis dóibh formhór na gconarthaí a shíniú. Níor bhunaigh an Coimisiún tascfhórsa chun tacú le monaraíocht agus slabhraí soláthair ach i mí Feabhra 2021, agus cé gur chuidigh sé le scrogaill a réiteach, ní raibh sé soiléir cén tionchar a bhí aige maidir le borradh a chur faoi tháirgeadh vacsaíní.

(10) TAGANN SÍ le barúlacha na Cúirte ar na torthaí agus ar na moltaí atá sa Tuarascáil, go háirithe an méid seo a leanas:

— Bhain an Coimisiún amach punann vacsaíne éagsúlaithe, ach tá an tAontas ag brath go príomha ar sholáthróir amháin don tréimhse 2022-2023;

— Thacaigh an Coimisiún le cur chun feidhme conarthaí, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, ach bhí giaráil theoranta ag na hiarrachtaí sin chun dúshláin soláthair a shárú;

— Níor cinneadh rialacháin agus gníomhaíochtaí nua an Aontais sa réimse ar bhonn measúnú tionchair *ex-ante* ón gCoimisiún.

(11) IS DÍOL SÁSAIMH DI an freagra ón gCoimisiún maidir le torthaí na Cúirte agus na tionscnaimh a rinneadh cheana chun na moltaí sin a chur chun feidhme, lena n-áirítear an togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir le creat beart chun soláthar frithbheart leighis atá ábhartha i gcás géarchéime a áirithiú i gcás éigeandáil sláinte poiblí ar leibhéal an Aontais ([2]).

(12) TUGANN SÍ DÁ hAIRE na moltaí ón gCúirt agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a dhéanamh:

— Treoirlínte maidir le soláthar i gcás paindéime a chruthú laistigh de bhliain amháin tar éis ghlacadh an Chreat-Rialacháin Éigeandála ([3]) agus an Rialacháin Airgeadais athbhreithnithe ([4]), ar bhonn na gceachtanna a foghlaimíodh agus an fhianaise atá ann cheana á cur san áireamh, nuair is féidir, chun dea-chleachtais a shainaithint d'fhoirne caibidlíochta amach anseo;

— measúnú riosca a dhéanamh ar chur chuige an Aontais maidir le soláthar chun bearta iomchuí a mholadh;

— Meastóireacht neamhspleách a dhéanamh ar leordhóthanacht na nósanna imeachta chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht, praghsanna, samhail íocaíochta, cainníochtaí vacsaíní COVID-19 arna soláthar ag an Aontas ó thaobh na sláinte poiblí de, ar ghnéithe de na clásail chonartha chomh maith le critéir roghnúcháin na Foirne Idirbheartaíochta chun cur leis na treoirlínte a forbraíodh;

— Cleachtaí a reáchtáil, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, chun gach cuid dá chreat soláthair paindéime nuashonraithe a scrúdú, chun aon laige agus réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu a shainaithint.

(13) CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé ceachtanna a fhoghlaim ó sholáthar vacsaíní COVID-19. Agus comhthéacs na Paindéime Domhanda ar lena linn a caibidlíodh conarthaí á chur san áireamh agus gan dochar don chomhthéacs, leagann na Ballstáit béim ar an ngá atá le níos mó solúbthachta do na Ballstáit i gconarthaí amach anseo, go háirithe maidir le cainníochtaí ceannaithe, sceidil seachadta agus íocaíocht ar theacht isteach ag brath ar vacsaíní a sheachadtar, chomh maith le sainmhíniú níos beaichte ar thréimhsí éaga inghlactha. Agus ról an Aontais á aithint maidir le rannchuidiú go gníomhach le freagairt dhomhanda trí vacsaíní a dheonú, IARRANN SÍ go n-éascófaí dálaí deonaithe, ionas gur féidir dáileoga a sheachadadh go tapa go díreach chuig tríú tíortha nó dáileoga intíre a dheonú.

([2]) COM/2021/577 final
([3]) 2021/0294 (NLE)
([4]) 2022/0162 (COD)

(14) IS OTH LÉI an easpa freagra ón gCoimisiún ar iarrataí ar fhaisnéis ón gCúirt maidir leis an réamhchaibidlíocht don chonradh a síníodh le Pfizer/BioNTech an 19 Bealtaine 2021 agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an fhaisnéis is gá a chur ar fáil chun go mbeidh institiúidí agus comhlachtaí an Aontais in ann a gcúraimí de bhun na gConarthaí a chur i gcrích.

**Conclúidí maidir le vacsaíniú mar cheann de na huirlisí is éifeachtaí chun galair a chosc agus an tsláinte phoiblí a fheabhsú**

(2022/C 484/05)

**Réamhrá**

Meastar go bhfuil vacsaíniú ar cheann de na huirlisí sláinte poiblí is éifeachtaí chun galair thógálacha a chosc agus chun na héifeachtaí is díobhálaí dá gcuid a mhaolú. Ní hamháin go bhfuil vacsaíniú tábhachtach do leanaí, ach tá sé tábhachtach freisin ar feadh an tsaoil. Is athrú i stair an leighis é forbairt vacsaíní agus tá tionchar suntasach aici ar an tsláinte phoiblí. Cuireadh cosc ar go leor galar trí vacsaíniú, rud a laghdaíonn an t-ualach ar chórais sláinte agus a chuireann cosc ar thart ar 3.5 – 5 mhilliún bás in aghaidh na bliana ([1]). I gcás na bolgaí, tá an galar sin díothaithe fiú, a bhuí le vacsaíniú.

Mar sin féin, sa lá atá inniu ann, tá an vacsaíniú thíos mar gheall ar bheith chomh rathúil sin. Ní fheiceann roinnt daoine tionchar na ngalar tógálach nach bhfuil ann a thuilleadh mar gheall ar scéimeanna vacsaínithe, agus tá líon suntasach díobh a d'fhéadfadh a bheith in amhras faoi thábhacht an vacsaínithe dá bharr sin. Tá rátaí cumhdaigh vacsaínithe i roinnt mhaith réigiún ar fud an Aontais ag titim go mór faoi bhun na leibhéal atá molta. Is féidir le galair thógálacha teacht ar ais go héasca in imthosca den sórt sin. Sampla de sin is ea eipidéim na bruitíní a bhris amach le blianta beaga anuas i roinnt tíortha Eorpacha.

Tá toilteanas na ndaoine in amhras le fiche nó tríocha bliain anuas i dtaca le vacsaíní sábháilte, éifeachtacha, molta atá ar fáil a fháil. De réir na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) tá an drogall roimh an vacsaíniú i measc na 10 mbagairt is mó ar an tsláinte dhomhanda. Is fadhb í freisin a athraíonn ag brath ar an gcomhthéacs, ar an tír agus ar an gcineál vacsaíne lena mbaineann, agus ar an gcúis sin, tá sé thar a bheith dúshlánach. Níl aon réiteach amháin ann a oireann do chách, agus tá gá le hiarracht inbhuanaithe chun feabhas a chur ar an idirphlé leis na saoránaigh, chun a n-ábhair imní a thuiscint agus chun straitéisí saincheaptha vacsaínithe a fhorbairt, chomh maith le feachtais chumarsáide spriocdhírithe.

Léirigh paindéim COVID-19 a thuilleadh méid agus raon feidhme na saincheiste sin. Bhí an drogall roimh an vacsaíniú in aghaidh COVID-19 faoi thionchar suntasach ag tosca éagsúla, agus ina measc sin bhí an imní faoi shábháilteacht agus éifeachtacht na vacsaíne ina príomhábhair imní. Cé nach raibh rátaí vacsaínithe an-ard mar thoradh ar fheachtais vacsaínithe COVID-19 i roinnt Ballstát de chuid an Aontais, i gcodanna áirithe den Aontas Eorpach, bhí na torthaí an-suntasach.

Ar an taobh dearfach, tá forbairt roinnt réiteach agus uirlisí tábhachtacha tugtha chun cinn mar gheall ar an bpaindéim freisin, réitigh agus uirlisí ar féidir linn úsáid a bhaint astu sa lá atá inniu ann cheana féin. Rinneadh dul chun cinn suntasach, mar shampla, sa digiteáil, le bailiú agus malartú sonraí ar leibhéal an Aontais chomh maith le bunú Dheimhniú Digiteach COVID an Aontais, ar cloch mhíle thábhachtach é lena leagtar síos caighdeán domhanda mar chuid de na bearta sláinte poiblí chun leathadh na paindéime a shrianadh. Céim mhór chun cinn freisin is ea Straitéis an Aontais Eorpaigh um vacsaíní in aghaidh COVID-19 ([2]) agus seoladh an Údaráis um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte (HERA) ina dhiaidh sin chun a áirithiú go ndéanfar frithbhearta leighis, amhail vacsaíní agus teiripic a fhorbairt, a sholáthar, a cheannach agus a dháileadh ar leibhéal an Aontais. Rud eile atá chomh tábhachtach céanna is ea bunú Aontas Sláinte na hEorpa, arb é is aidhm dó ullmhacht agus freagairt na bpríomhghníomhaireachtaí ar ghéarchéimeanna a threisiú.

([1]) https://www.who.int/health-topics/vaccines-and-immunization#tab=tab_
([2]) COM/2020/245 final

Ní mór dúinn foghlaim ó phaindéim COVID-19 chun ullmhacht leordhóthanach a áirithiú do ghéarchéimeanna sláinte poiblí a bheidh ann amach anseo. I ndáil leis an méid sin, d'fhéadfadh sreabha daoine easáitithe chuig an Aontas a bheith ina dhúshlán don tsláinte phoiblí, ar an gcéad dul síos i gcás an ghrúpa easáitithe féin, agus i gcás na mBallstát freisin, ar cheart dóibh na daoine sin go léir a áireamh ina straitéisí vacsaínithe, de réir na reachtaíochta náisiúnta. Ina theannta sin, ba cheart dúinn díriú ar thionchar an athraithe aeráide ar an tsláinte phoiblí, tionchar a d'fhéadfadh a bheith forleathan, agus athruithe féideartha i gceist i raonta tarchuir galar tógálach, go háirithe galair veicteoir-iompartha amhail hantaivíreas, einceifealaíteas sceartán-iompartha, galar Lyme agus maláire.

Agus an méid sin á chur san áireamh, ba cheart do na Ballstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí comhpháirteacha, ag tógáil ar an Moladh ón gComhairle maidir le comhar neartaithe i gcoinne galar atá inchoiscthe trí vacsaíniú ó 2018 ([3]) agus ar na ceachtanna a foghlaimíodh le linn na mblianta deireanacha de phaindéim COVID-19.

Cé gur freagracht de chuid na mBallstát iad seirbhísí, cláir agus beartais vacsaínithe, i bhfianaise chineál trasteorann na ngalar tógálach agus na ndúshlán coiteann atá os comhair na gclár náisiúnta imdhíonta, go háirithe i bhfianaise phaindéim COVID-19, na himirce, nó na ráige bolgaí moncaí, d'fhéadfadh na Ballstáit tairbhe a bhaint as cur chuige níos comhordaithe fós de chuid an Aontais maidir le leathadh eipidéimí agus galar atá inchoiscthe trí vacsaíniú a chosc agus a theorannú.

**An drogall roimh an vacsaíniú a chomhrac: riosca na mífhaisnéise agus na bréagaisnéise agus an gá atá le muinín an phobail sa vacsaíniú a mhéadú**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

1. MEABHRAÍTEAR DI gur de bhun Airteagal 168 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), nach mór do ghníomhaíocht an Aontais, atá chun na beartais náisiúnta a chomhlánú, a bheith dírithe ar shláinte phoiblí a fheabhsú, ar thinnis agus galair choirp agus mheabhracha a chosc, agus foinsí contúirte do shláinte an choirp agus don mheabhairshláinte a sheachaint.

2. AITHNÍONN SÍ cé gurb iad na Ballstáit atá freagrach as cláir vacsaínithe, go bhféadfadh breisluach a bheith ag baint le cur chuige níos comhordaithe de chuid an Aontais go ginearálta, i bhfianaise chineál trasteorann na ngalar atá inchoiscthe trí vacsaíniú.

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil bunchúiseanna éagsúla ag baint leis an drogall roimh an vacsaíniú. Tá réitigh éagsúla ag teastáil i gcásanna éagsúla amhail gnáthvacsaíniú le vacsaíní aitheanta nó vacsaíniú le linn géarchéimeanna sláinte, amhail paindéim COVID-19, ina n-úsáidtear vacsaíní nuafhorbartha.

4. ADMHAÍONN SÍ gur léiríodh go soiléir le paindéim COVID-19 na bagairtí agus na dúshláin a chruthaíonn an mhífhaisnéis agus an bhréagaisnéis dár sochaithe. "Eipidéimí faisnéise" – an iomarca faisnéise, lena n-áirítear faisnéis bhréagach nó míthreorach, i dtimpeallachtaí digiteacha agus fisiciúla le linn ráig galair ([4]) – bhí sé ar cheann de na tosca ríthábhachtacha, a mhéadaigh na rioscaí do shláinte an duine, do chórais sláinte agus do bhainistiú éifeachtach géarchéime.

5. MEABHRAÍTEAR DI an Teachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí a glacadh an 5 Nollaig 2018 lenar seoladh an Plean Gníomhaíochta i gcoinne na Bréagaisnéise ([5]), an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le *Tackling online disinformation* ([6]) [Dul in ngleic leis an mbréagaisnéis ar líne] a glacadh an 26 Aibreán 2018, an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le *Guidance on Strengthening the Code of Practice on Disinformation* ([7]) [Treoir i ndáil leis an gCód Cleachtais maidir le Bréagaisnéis a Neartú] a glacadh an 26 Bealtaine 2021, an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le *Strengthened Cooperation against Vaccine Preventable Diseases* ([8]) [Comhar Neartaithe i gcoinne Galair Inchoiscthe trí Vacsaíniú] a glacadh an 26 Aibreán 2018 agus an Teachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí maidir le *Tackling COVID-19 disinformation – Getting the facts right* ([9]) [Dul i ngleic leis an mbréagaisnéis maidir le COVID-19 – An fíor a scagadh ón mbréag] a glacadh an 10 Meitheamh 2020.

([3]) COM/2018/244 final
([4]) https://www.who.int/health-topics/infodemic#tab=tab_1
([5]) JOIN/2018/36 final
([6]) COM/2018/236 final
([7]) COM/2021/262 final
([8]) COM/2018/245 final
([9]) JOIN/2020/8 final

6. MEABHRAÍTEAR DI na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an athléimneacht a neartú agus cur i gcoinne bagairtí hibrideacha, lena n-áirítear bréagaisnéis i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 ([10]), an Moladh ón gComhairle maidir le comhar neartaithe i gcoinne galair atá inchoiscthe trí vacsaíniú ([11]), ina dtugtar aird ar leith ar an drogall roimh an vacsaíniú agus an bhréagaisnéis a bheith ag tógáil fhócas an phobail ó thairbhí an vacsaínithe agus i dtreo easpa muiníne san eolaíocht agus faitíos roimh fho-iarsmaí a d'fhéadfadh a bheith ann, agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE an Treochlár ([12]) ón gCoimisiún Eorpach le haghaidh cur chun feidhme gníomhaíochtaí a iarradh sa Mholadh in éineacht le gníomhaíochtaí na Gníomhaíochta Comhpháirtí maidir le Vacsaíniú ([13]), lena ndéantar moltaí agus uirlisí nithiúla le haghaidh freagairtí níos láidre ar dhúshláin vacsaínithe a sheachadadh, lena n-áirítear glacadh le vacsaíní a chur chun cinn.

7. MEABHRAÍTEAR DI an tuarascáil ón gCoimisiún maidir le *State of Vaccine Confidence in the EU+UK* [Staid na Muiníne sa Vacsaíniú san Aontas agus sa Ríocht Aontaithe] a foilsíodh an 11 Nollaig 2020 ([14]).

8. MEABHRAÍTEAR DI an tuarascáil dar teideal *Countering online vaccine misinformation in the EU* [Mífhaisnéis faoi vacsaíní ar líne a chomhrac san Aontas], a d'fhoilsigh an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú an 29 Meitheamh 2021 ([15]), ina scrúdaítear an bonn fianaise maidir le conas mífhaisnéis faoi vacsaíní ar líne a chomhrac san Aontas agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS Tairseach Faisnéise an Aontais um Vacsaíniú ([16]), arna hóstáil ag ECDC, lena soláthraítear fianaise chruinn agus cothrom le dáta maidir le vacsaíniú mar aon le forléargas ar shásraí an Aontais chun sábháilteacht agus éifeachtacht vacsaíní a áirithiú.

9. MEABHRAÍTEAR DI an Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 851/2004 lena mbunaítear Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú ([17]) agus IS DÍOL SÁSAIMH DI freisin ról agus rannchuidiú foriomlán ECDC, lena n-áirítear an comhrac i gcoinne mífhaisnéise agus bréagaisnéise maidir le vacsaíniú a éascú agus muinín sa vacsaíniú a mhéadú amhail cúrsaí ríomhfhoghlama maidir le conas aghaidh a thabhairt ar mhífhaisnéis in aghaidh vacsaíniú ar líne ([18]).

10. IS DÍOL SÁSAIMH DI Clár EU4Health, lena gcothaítear go huaillmhianach cosc géarchéime uile-Aontais agus trasearnála, agus béim ar leith á leagan ar rátaí cumhdaigh vacsaínithe sna Ballstáit a fheabhsú, go sonrach trí chistiú a chur ar fáil d'fheachtais múscailte feasachta agus do ghníomhaíochtaí cumarsáide lena ndírítear ar an bpobal i gcoitinne agus ar ghrúpaí sonracha araon, agus é mar aidhm leis sin an drogall roimh an vacsaíniú, mífhaisnéis agus bréagaisnéis a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu.

11. IS DÍOL SÁSAIMH DI gníomhaíochtaí FÍS 2020 lena dtéitear i ngleic le mífhaisnéis faoi vacsaíní agus forbairt uirlisí chun feabhas a chur ar ghlacadh vacsaíní agus gníomhaíochtaí FÍS na hEorpa lena ndírítear ar fhianaise a chur ar fáil chun cur i gcoinne mífhaisnéise agus bréagaisnéise ar bhealach níos fearr.

12. IS DÍOL SÁSAIMH DI Clár Oibre Imdhíonachta 2030 ([19]), a d'fhoilsigh EDS an 1 Aibreán 2020, lena bhféachtar le haghaidh a thabhairt ar an drogall roimh an vacsaíniú trí straitéisí láidre, nuálacha a fhorbairt chun mífhaisnéis faoi vacsaíní a mhaolú agus a iomadú agus a tionchar diúltach a laghdú.

13. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT an gá atá le hanailísiú leanúnach agus cumarsáid phoiblí a dhéanamh faoi rioscaí aonair agus faoi thairbhí an vacsaínithe i ngrúpaí riosca éagsúla agus i measc na ngrúpaí sin nach bhfuil foinsí faisnéise leordhóthanacha acu, mar shampla mar gheall ar dhúshláin shóisialta, chultúir nó theangeolaíocha.

([10]) 14064/20
([11]) COM/2018/244 final
([12]) https://health.ec.europa.eu/system/files/2022-07/2019-2022_roadmap_en.pdf
([13]) https://eu-jav.com/
([14]) https://health.ec.europa.eu/system/files/2022-11/2020_confidence_rep_en.pdf
([15]) https://www.ecdc.europa.eu/en/news-events/ecdc-launches-report-countering-online-vaccine-misinformation-eueea
([16]) https://vaccination-info.eu/en
([17]) 2020/0320(COD)
([18]) https://www.ecdc.europa.eu/en/news-events/e-learning-how-address-online-vaccination-misinformation
([19]) https://www.who.int/publications/m/item/immunization-agenda-2030-a-global-strategy-to-leave-no-one-behind

14. IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

— Saineolas idirdhisciplíneach (lena n-áirítear saineolaithe sláinte poiblí, saineolaithe sláinte digití, speisialtóirí cumarsáide, saineolaithe ar na meáin shóisialta agus saineolaithe iompraíochta) a úsáid chun cur leis na hiarrachtaí mífhaisnéis agus bréagaisnéis faoi vacsaíní a chomhrac agus cur chuige níos láidre, fianaise-bhunaithe agus níos straitéisí a chur i bhfeidhm maidir le cumarsáid faoi vacsaíní, le teachtaireachtaí comhchuibhithe idir na páirtithe lena mbaineann.

15. IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

— Gan dúbláil a dhéanamh ar thionscnaimh atá ann cheana agus an t-ualach riaracháin ar na Ballstáit á íoslaghdú, fóram saineolaithe um an Drogall roimh an Vacsaíniú a bhunú chun ardán a chur ar fáil chun saineolaithe ó na réimsí ábhartha uile a thabhairt le chéile chun plé a dhéanamh, dea-chleachtas a mhalartú, obair leantach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaíochta Comhpháirtí maidir le Vacsaíniú lasmuigh den tionscadal féin agus, go háirithe, an chumarsáid le gníomhaireachtaí an Aontais a éascú agus a luathú chun treoir a chur ar fáil maidir le conas rátaí cumhdaigh vacsaínithe a mhéadú ar fud an Aontais Eorpaigh;

— An comhordú idir beartais an Aontais maidir le vacsaíniú agus maidir leis an mbréagaisnéis a chomhrac a neartú, i gcás inarb iomchuí, chun tacú le cur chuige iomlánaíoch níos éifeachtaí, lena n-áirítear trí Theachtaireacht ón gCoimisiún a eisiúint maidir leis an drogall roimh an vacsaíniú a chomhrac;

— In éineacht le ECDC, moltaí agus treoirlínte saincheaptha neamhcheangailteacha a chur ar fáil do na Ballstáit, arna iarraidh sin dóibh, maidir le conas dul i ngleic leis an drogall roimh an vacsaíniú, agus sainiúlachtaí náisiúnta á gcur san áireamh;

— Comhairle a chur ar fáil, arna iarraidh sin do na Ballstáit, dóibh siúd atá freagrach as cláir náisiúnta imdhíonta laistigh de na Ballstáit, maidir le húsáid na gclár agus na n-ionstraimí ábhartha uile de chuid an Aontais le haghaidh feachtais vacsaínithe spriocdhírithe agus maidir le conas meastóireacht a dhéanamh ar na feachtais sin.

16. IARANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

— Deiseanna oiliúna a fhorbairt (cumarsáid agus oiliúint ar na meáin shóisialta) chun cur ar chumas gairmithe sláinte agus saineolaithe cumarsáide sláinte a bheith níos eolaí faoi theicnící agus uirlisí éifeachtacha chun cur i gcoinne mífhaisnéis agus bréagaisnéis faoi vacsaíní, lena n-áirítear ar líne, chun straitéisí cumarsáide a fhorbairt nó cumarsáid éifeachtach a áirithiú idir gairmithe sláinte agus saoránaigh maidir leis na tairbhí a bhaineann le vacsaíniú (cinnteoireacht chomhroinnte), agus an Chomhghuaillíocht le haghaidh Vacsaíniú agus eagraíochtaí gairmithe sláinte agus mac léinn a dhéanamh rannpháirteach ar an leibhéal náisiúnta;

— Gníomhaíochtaí múscailte feasachta a chur chun cinn maidir le tairbhí an vacsaínithe, lena n-áirítear trí chomhpháirtíochtaí le hearnáil an oideachais, le comhpháirtithe sóisialta agus le gníomhaíocht lena ndírítear ar na meáin, agus béim ar leith á leagan ar fhreagrachtaí agus ar ról ardáin na meán sóisialta;

— Tacú le beartais náisiúnta lena n-áiritheofar go gcuirfear seirbhísí vacsaínithe cothroma, inrochtana agus tarraingteacha ar fáil do gach duine incháilithe, lena n-áiritheofar nach gcaillfear deis an vacsaínithe.

**Comhar an Aontais a neartú chun ullmhú do dhúshláin atá ag teacht aníos: ag tógáil ar an dea-chleachtas agus ar na ceachtanna a foghlaimíodh**

17. TUGANN SÍ DA hAIRE go bhfuil tionchar ag paindéim COVID-19 ar bheartais vacsaínithe ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta ar bhealach suntasach gan fasach. Cé go raibh glacadh ard le vacsaíní in aghaidh COVID-19 i roinnt Ballstát, níor leor é i mórán acu. Chuir sé dlús freisin le forbairt uirlisí agus réiteach nua ar féidir leis an Aontas cur leo chun comhar a spreagadh maidir le straitéisí vacsaínithe agus cláir imdhíonta.

18. CUIREANN SÍ I dTREIS na tairbhí a bhaineann le comhar neartaithe an Aontais maidir le heaspa muiníne i vacsaíní a chomhrac agus glacadh le vacsaíní a spreagadh; tuigeann sí go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ag bealaí cur chuige atá an-difriúil i leith an vacsaínithe, i gcásanna áirithe, cé go bhfuil siad bunaithe ar na sonraí eolaíocha céanna, ar mhuinín an phobail as vacsaíniú.

19. MEABHRAÍTEAR DI Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 maidir le creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh (Deimhniú Digiteach COVID an Aontais) a eisiúint agus a fhíorú, agus chun go nglacfaí leo, ar éirigh go han-mhaith leis i gcás an Aontais.

20. MEABHRAÍTEAR DI Straitéis an Aontais um Vacsaíní chun dlús a chur le forbairt, monarú agus imscaradh vacsaíní in aghaidh COVID-19, a thíolaic an Coimisiún an 17 Meitheamh 2020, lenar cuireadh ar chumas na mBallstát rochtain thráthúil ar vacsaíní COVID-19 a sholáthar agus a chinntiú go comhpháirteach.

21. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur cruthaíodh an tÚdarás um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte (HERA), ar cheart dó oibriú chun feabhas a chur ar ullmhacht agus freagairt ar bhagairtí tromchúiseacha trasteorann i réimse na bhfrithbheart leighis agus, ar an gcaoi sin, ba cheart dó oibriú i ndlúthchomhar leis na Ballstáit. Ba cheart aird a thabhairt ar dhul i ngleic le dúshláin a bhaineann le soláthar frithbheart leighis.

22. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil dlús curtha leis an tsoghluaisteacht idirnáisiúnta agus leis an imirce, agus dá bhrí sin, gur cheart gné dhomhanda a bheith i gcónaí ag baint leis an gcomhar i réimse an vacsaínithe.

23. MEABHRAÍTEAR DI an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le *Welcoming those fleeing war in Ukraine: Readying Europe to meet the needs* [Fáilte a chur rompu siúd atá ar a dteitheadh ón gcogadh san Úcráin: an Eoraip a ullmhú chun go bhfreastalóidh sí ar na riachtanais] a glacadh an 23 Márta 2022, ina leagtar béim ar an ngá atá le clúdach vacsaínithe a mhéadú i measc mhuintir easáitithe na hÚcráine, agus béim ar leith á leagan ar chláir vacsaínithe do leanaí.

24. MEABHRAÍTEAR DI treoirlínte ECDC maidir le *Operational public health considerations for the prevention and control of infectious diseases in the context of Russia's aggression towards Ukraine* [Breithnithe oibríochtúla sláinte poiblí chun galair thógálacha a chosc agus a rialú i gcomhthéacs fhogha na Rúise faoin Úcráin], a foilsíodh an 8 Márta 2022.

25. TARRAINGÍONN SÍ AIRD ar an bhfíric go bhfuiltear ag súil go mbeidh tionchar ag saincheisteanna agus géarchéimeanna domhanda eile freisin ar theacht chun cinn galar tógálach laistigh den Aontas, go háirithe an t-athrú aeráide, ar dócha go méadóidh sé tarchur einceifealaítis sceartán-iompartha agus galar veicteoir-iompartha eile, amhail fiabhras na Níle Thiar nó fiabhras deinge.

26. AITHNÍONN SÍ an obair a dhéanann Líonra Údarás Rialála Cógas an Aontais Eorpaigh a bhaineann le vacsaíní, lena n-áirithítear cáilíocht, éifeachtúlacht agus sábháilteacht cógas san Aontas Eorpach. Is éard atá i gceist le hobair an líonra rialála líonrú eolaíoch, tagarmharcáil agus comhoibriú láidir idir na húdaráis inniúla náisiúnta, rud a chuireann le heolas eolaíoch domhain ar vacsaíní agus a mhéadaíonn an iontaofacht i measc mhuintir na hEorpa.

27. IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

— Feachtais vacsaínithe d'aosaigh a chur chun cinn chun cosaint a thabhairt ar ghalair thógálacha in-tarchurtha a d'fhéadfadh a bheith bainteach le torthaí tromchúiseacha, amhail an bhruitíneach, diftéire, teiteanas nó polaimiailíteas;

— Feachtais vacsaínithe leanaí a choinneáil ar bun agus cosaint ar ghalair thógálacha in-tarchurtha a chur ar fáil do leanaí nach bhfuil cosanta go fóill le vacsaíniú, i.e. chun feachtais vacsaínithe cúitimh a chur i gcrích;

— Tacú le digitiú an chórais cúraim sláinte agus féachaint an bhféadfaí acmhainneacht saoráidí leighis a fhorbairt chun faisnéis leictreonach a stóráil maidir le stádas vacsaínithe na saoránach;

— Lucht saothair leordhóthanach san earnáil sláinte a chruthú agus a chothabháil a bheidh in ann freagairt thapa éifeachtach a thabhairt ar bhagairtí sláinte, chomh maith le feabhas a chur ar chumhdach vacsaínithe i measc gairmithe cúraim sláinte mar dhea-chleachtas sláinte don phobal i gcoitinne;

— Oideachas sláinte agus litearthacht sláinte a chur chun cinn ar feadh an tsaoil.

28. IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

— Agus cosaint sonraí sláinte á háirithiú, féachaint ar an mbreisluach agus ar na féidearthachtaí a bhaineann leis na bacainní dlíthiúla agus teicniúla ar idir-inoibritheacht na gcóras (fo-) náisiúnta faisnéise um imdhíonadh, i gcás inarb ann dóibh, a shárú, trí na deiseanna a chuirtear ar fáil leis na sásraí malartaithe sonraí sláinte trasteorann atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo, agus féachaint ar an mbreisluach a bhaineann le leagan digiteach de dheimhnithe vacsaínithe, agus an taithí a fuarthas le bonneagair dhigiteacha Eorpacha agus le huirlisí eile atá ann cheana á gcur san áireamh, amhail an Deimhniú Idirnáisiúnta Vacsaínithe nó Próifiolacsais.

— Béim ar leith a leagan ar thaighde agus ar nuálaíocht agus féachaint cé na féidearthachtaí atá ann chun tacú le forbairt vacsaíní nua in aghaidh bagairtí tógálacha atá ag teacht chun cinn (an athuair), agus aird ar leith á tabhairt ar ghalair veicteoir-iompartha.

— Iarraidh ar ECDC a threoir sláinte poiblí a nuashonrú maidir le scagthástáil agus vacsaíniú do ghalair thógálacha in imircigh nuathagtha laistigh den Aontas/LEE, agus treoirlínte náisiúnta sláinte poiblí atá ann cheana á gcur san áireamh.

29. IARANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

— Bunachar sonraí fíorúil a cheapadh, bunaithe ar an dea-chleachtas agus an taithí a fuarthas ón “uirlis Bazaar” a ceapadh le haghaidh riachtanais an Bhoird Stiúrtha maidir le soláthar vacsaíní COVID-19, chun malartú faisnéise a éascú, ar bhonn deonach, maidir le barrachais agus ganntanais vacsaíní riachtanacha a d’fhéadfadh a bheith ann, agus ar an gcaoi sin, athdhíol nó deonú féideartha i measc na mBallstát a chumasú.

— Leas a bhaint as deiseanna chun vacsaíní a sholáthar go comhpháirteach i gcás inarb iomchuí, agus na bagairtí tromchúiseacha sláinte trasteorann a aithnítear ar leibhéal an Aontais agus riachtanais iarbhír na mBallstát á gcur san áireamh ag an am céanna.

— Tacú le Líonra Údarás Rialála Cógas an Aontais Eorpaigh trí shásra solúbtha a bhfuil acmhainní maithe aige chun a chuid oibre a chomhdhlúthú agus inbhuanaitheacht rannchuidiú an líonra san fhadtéarma a áirithiú.

# AN COIMISIÚN EORPACH

**Rátaí malairte an euro** ([1])

**19 Nollaig 2022**

(2022/C 484/06)

**1 euro =**

| | Airgeadra | Ráta malairte | | Airgeadra | Ráta malairte |
|---|---|---|---|---|---|
| USD | dollar na Stát Aontaithe | 1,0598 | CAD | dollar Cheanada | 1,4472 |
| JPY | yen na Seapáine | 144,65 | HKD | dollar Hong Cong | 8,2428 |
| DKK | krone na Danmhairge | 7,4382 | NZD | dollar na Nua-Shéalainne | 1,6632 |
| GBP | punt steirling | 0,87118 | SGD | dollar Shingeapór | 1,4378 |
| SEK | krona na Sualainne | 11,0063 | KRW | won na Cóiré Theas | 1 377,17 |
| CHF | franc na hEilvéise | 0,9884 | ZAR | rand na hAfraice Theas | 18,3074 |
| ISK | króna na hÍoslainne | 151,90 | CNY | renminbi-yuan na Síne | 7,3901 |
| NOK | krone na hIorua | 10,5025 | HRK | kuna na Cróite | 7,5395 |
| BGN | lev na Bulgáire | 1,9558 | IDR | rupiah na hIndinéise | 16 506,72 |
| CZK | koruna Phoblacht na Seice | 24,233 | MYR | ringgit na Malaeisia | 4,6912 |
| HUF | forint na hUngáire | 403,18 | PHP | peso na nOileán Filipíneach | 58,649 |
| PLN | zloty na Polainne | 4,6853 | RUB | rúbal na Rúise | |
| RON | leu na Rómáine | 4,9107 | THB | baht na Téalainne | 36,923 |
| TRY | lira na Tuirce | 19,7676 | BRL | real na Brasaíle | 5,6327 |
| AUD | dollar na hAstráile | 1,5794 | MXN | peso Mheicsiceo | 20,9743 |
| | | | INR | rúipí na hIndia | 87,5321 |

([1]) *Foinse*: ráta malairte tagartha arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE).

**Aghaidh náisiúnta nua bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht**

(2022/C 484/07)




*Aghaidh náisiúnta an bhoinn nua chomórtha 2 euro atá ceaptha lena chur i gcúrsaíocht agus arna eisiúint ag an mBeilg*

Tá stádas dlíthairisceana ar fud an limistéir euro ag boinn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht. Foilsíonn an Coimisiún tuairisc ar dhearadh na mbonn nua uile chun an pobal agus na páirtithe uile a úsáideann na boinn a chur ar an eolas ([1]). I gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle an 10 Feabhra 2009 ([2]), ceadaítear do na Ballstáit sa limistéir euro agus do thíortha a bhfuil comhaontú airgeadaíochta tugtha i gcrích acu leis an Aontas Eorpach lena ndéantar foráil maidir le boinn euro a eisiúint, ceadaítear dóibh boinn chomórtha euro a eisiúint, boinn atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe, go háirithe nach n-úsáidtear ach an ainmníocht 2-euro. Is ionann na saintréithe teicniúla a bhíonn ag na boinn sin agus na saintréithe a bhíonn ag boinn 2-euro eile, ach tá dearadh comórtha ar a n-aghaidh náisiúnta, dearadh lena mbaineann siombalachas nach beag ó thaobh an náisiúin agus na hEorpa de.

**Tír is eisitheoir:** An Bheilg

**Ábhar an chomórtha:** Earnáil an chúraim sláinte mar aitheantas ar an ngealltanas eisceachtúil le linn phaindéim COVID-19

**Tuairisc ar an dearadh:** Sa chuid istigh den bhonn, léirítear an pearsanra sláinte sa dearadh. Ar thaobh na láimhe clé, tá an inscríbhinn "Danke – Merci – Dank u" in éineacht le picteagraim éagsúla lena dtagraítear d'earnáil an chúraim sláinte. Ón mbarr anuas, taispeántar cros, steiteascóp, croí, steallaire, cathaoir rothaí agus meascán ceimiceach. Is ar thaobh na láimhe deise ar fad atá inisealacha an dearthóra, Luc Luycx. Ós rud é gurb é Mionta Ríoga na hÍsiltíre a bhuailfidh na boinn, tá bachall Mhearcair, marc mionta Utrecht, suite ar an mbun in éineacht le máistirmharc mhionta na Beilge, armas bhardas Herzele, an cód tíre BE agus marc na bliana 2022.

Taispeántar 12 réalta bhratach an Aontais ar fháinne amuigh an bhoinn.

**Líon measta na mbonn atá le heisiúint:** 2 000 000

**Dáta eisiúna:** EARRACH 2022

([1]) Féach IO C 373, 28.12.2001, lch. 1 le haghaidh aghaidh náisiúnta na mbonn uile a eisíodh in 2002.

([2]) Féach conclúidí na Comhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais an 10 Feabhra 2009 agus an Moladh ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2008 maidir le treoirlínte comhchoiteanna i dtaca le haghaidh náisiúnta agus eisiúint bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht (IO L 9, 14.1.2009, lch. 52).

**Aghaidh náisiúnta nua bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht**

(2022/C 484/08)




*Aghaidh náisiúnta an bhoinn nua chomórtha 2 euro atá ceaptha lena chur i gcúrsaíocht agus arna eisiúint ag an nGréig*

Tá stádas dlíthairisceana ar fud an limistéir euro ag boinn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht. Foilsíonn an Coimisiún tuairisc ar dhearadh na mbonn nua uile chun an pobal agus na páirtithe uile a úsáideann na boinn a chur ar an eolas ([1]). I gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle an 10 Feabhra 2009 ([2]), ceadaítear do na Ballstáit sa limistéir euro agus do thíortha a bhfuil comhaontú airgeadaíochta tugtha i gcrích acu leis an Aontas Eorpach lena ndéantar foráil maidir le boinn euro a eisiúint, ceadaítear dóibh boinn chomórtha euro a eisiúint, boinn atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe, go háirithe nach n-úsáidtear ach an ainmníocht 2-euro. Is ionann na saintréithe teicniúla a bhíonn ag na boinn sin agus na saintréithe a bhíonn ag boinn 2-euro eile, ach tá dearadh comórtha ar a n-aghaidh náisiúnta, dearadh lena mbaineann siombalachas nach beag ó thaobh an náisiúin agus na hEorpa de.

**Tír is eisitheoir:** an Ghréig

**Ábhar an chomórtha:** 200 bliain ó chéad Bhunreacht na Gréige

**Tuairisc ar an dearadh:** Tá teampall Aescaláipias ag Epidaurus sa dearadh, ina bhfuil an dealbh den dia sa lár. Déanann an téama macasamhlú ar chúl an bhoinn comórtha maidir leis an gCéad Tionól Náisiúnta a bhí ag na Gréagaigh a d'éirígh amach ag Epidaurus, bonn a bronnadh ar chomhaltaí an Tionóil le linn réimeas rí Otho. Tá an fhoclaíocht "AN PHOBLACHT HEILLEÁNACH" agus "AN CHÉAD BHUNREACHT DE CHUID NA GRÉIGE" inscríofa ar feadh an chiumhais inmheánaigh, chomh maith leis na blianta "1822" agus "2022", pailméad (marc mionta mhionta na Gréige) agus monagram an ealaíontóra (George Stamatopoulos).

Taispeántar 12 réalta bhratach an Aontais ar fháinne amuigh an bhoinn.

**Líon measta na mbonn atá le heisiúint:** 750 000

**Dáta eisiúna:** Mí Iúil 2022

---

([1]) Féach IO C 373, 28.12.2001, lch. 1 le haghaidh aghaidh náisiúnta na mbonn uile a eisíodh in 2002.

([2]) Féach conclúidí na Comhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais an 10 Feabhra 2009 agus an Moladh ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2008 maidir le treoirlínte comhchoiteanna i dtaca le haghaidh náisiúnta agus eisiúint bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht (IO L 9, 14.1.2009, lch. 52).

